Comhairle Cathrach na Gaillimhe - Plean Bliantúil Seachadadh Seirbhíse 2025 Galway City Council

Annual Service Delivery Plan 2025

Comhairle Cathrach na Gaillimhe
Galway City Council

Clár na nÁbhar

Focal Fáilte ón bPríomhfheidhmeannach 3

1. Réamhrá agus Comhthéacs 4

2. Ár Ráitis Misin agus Físe 5

3. Ár mBunluachanna 6

4. Cumas na hEagraíochta agus Acmhainní 7

5. Achoimre Airgeadais 8

6. Ár bPríomhsheirbhísí 9

7. Táscairí Feidhmíochta 10

8. Cur i bhFeidhm agus Monatóireacht 12

9. Cuspóirí Déanamh Seirbhíse 12

10. An Stiúrthóireacht Forbartha Sóisialta 13

10.1 Tithíocht agus Lánpháirtíocht Shóisialta 13

11. An Stiúrthóireacht um Fhorbairt Oibríochtúil 27

11.1 Comhshaol 27

11.2 Saoráidí Caitheamh Aimsire agus Taitneamhachta 38

11.3 Bóithre agus Cúrsaí Iompair 57

12. An Stiúrthóireacht um Fhorbairt Tionscadal 65

12.1 Bainistíocht Tionscadail agus Oifig na dTograí Caipitil 65

12.2 An Aidhm maidir le Taisteal Gníomhach 67

12.3 Athrú Aeráide agus Cúrsaí Inmharthanachta 76

12.4 Forbairt Pobail, Sócmhainní Corparáide agus Suíomhanna Tréigthe 87

13. An Stiúrthóireacht um Fhorbairt Uirbeach 95

13.1 Pleanáil 95

13.2 Cúrsaí Ealaíne agus Cultúir, Forbairt Eacnamaíochta agus Turasóireacht 115

13.3 Acmhainní Daonna 125

14. An Stiúrthóireacht um Fhorbairt Chorparáideach 128

14.1 Seirbhísí Corparáide, Riarachán agus Rialachas 128

14.2 Teicneolaíocht an Eolais agus na Cumarsáide (TEC) 145

14.3 Cúrsaí Airgeadais 148

Focal Fáilte ón bPríomhfheidhmeannach

Leagtar amach go mion i bPlean Bliantúil Seachadadh Seirbhísí Chomhairle Cathrach na Gaillimhe 2025 na seirbhísí, na gnéithe bonneagair agus na tionscadail a bheidh á dtabhairt chun cinn ag Comhairle Cathrach na Gaillimhe ar mhaithe le muintir Chathair na Gaillimhe go ceann an 12 mhí seo romhainn.

Is é seo an chéad Phlean Seachadadh Seirbhíse a bhaineann leis an téarma nua cúig bhliana rialtais áitiúil tar éis thoghcháin áitiúla na bliana 2024.

Tá an téarma nua rialtais áitiúil, chomh maith le hathruithe suntasacha maidir le cúrsaí eagrúcháin, le sonrú ar PBSS 2025 lena dtugtar san áireamh cúig cinn de stiúrthóireachtaí nua a chur ar bun – Forbairt Shóisialta, Forbairt Oibriúcháin, Forbairt Tionscadail, Forbairt Uirbeach agus Forbairt Corparáide – maille le sé cinn de Choistí Beartais Straitéise agus fo-choiste nua maidir leis an nGaeilge.

Tugtar achoimre sa phlean ar thús le hinfheistíocht shuntasach a bhfuil géarghá leis sa chathair ó d'aontaigh na Comhaltaí leasú maidir le Rátaí Maoine Áitiúla agus Tráchtála i rith R4 2024.

Infheistíocht sa chathair agus sa saol atá i ndán sa chathair atá i gceist leis an mbuiséad €143m don bhliain 2025 - cuirfear leis na seirbhísí poiblí agus treiseofar leis an bhfónamh i ndáil le réimsí éagsúla - tithíocht, turasóireacht, ealaín, spórt, agus infreastruchtúr taitneamhachta agus caitheamh aimsire ar fud na cathrach.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le foireann agus Comhaltaí Tofa Chomhairle Cathrach na Gaillimhe as ucht a gcuid oibre ar an bplean seo agus ar an gclár infheistíochta a ullmhú agus táim ag súil go mór le hoibriú in éineacht le muintir Chathair na Gaillimhe i rith na bliana 2025 agus i rith na mblianta dár gcionn.



Leonard Cleary
Príomhfheidhmeannach, Comhairle Cathrach na Gaillimhe

1. Réamhrá agus Comhthéacs

Rinneadh an plean seo a leagan amach i gcomhréir le hAlt 50 an Achta um Athchóiriú Rialtais Áitiúil 2014 faoina leagtar de chúram ar an údarás áitiúil plean bliantúil maidir le seachadadh seirbhíse a chur i dtoll a chéile ionas go gcinntítear follasacht, cuntasacht agus éifeachtúlacht i mbun seirbhísí a chur ar fáil. Tagann an Plean faoi anáil an Achta Rialtais Áitiúil 2001 freisin, ina leagtar amach réimsí feidhme agus freagrachta an údaráis áitiúil, chomh maith le creatchóras beartais an Rialtais níos ginearálta ná sin, mar shampla Clár an Rialtais, Tionscadal Éireann 2040 agus an Plean Gníomhaíochta maidir leis an Aeráid.

Leagtar amach sa Phlean Bliantúil Seachadadh Seirbhísí 2025 aidhmeanna, bearta tús áite agus gealltanais na Comhairle maidir leis an mbliain atá romhainn, arna dheimhniú go mbíonn na seirbhísí uilig ag teacht leis na polasaithe náisiúnta, leis na cuspóirí áitiúla maidir le cúrsaí forbartha agus le feidhmeanna na Comhairle faoin reachtaíocht.

Cuirtear ar fáil sa cháipéis seo, a thagann faoi anáil Phlean Corparáide 2024–2029 na Comhairle, Bhuiséad Bliantúil 2025 na Comhairle, Phlean Forbartha Chathair na Gaillimhe 2023-2029 agus Chreatphlean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail Chathair na Gaillimhe 2024-2029, cur chuige staidéarach maidir le seirbhísí a chur ar fáil maidir le réimsí éagsúla, ina measc, tithíocht, cúrsaí iompair, caomhnú na timpeallachta, forbairt eacnamaíochta agus comhchaidreamh leis an bpobal. Leagtar síos spriocanna inmheasta d'fhonn monatóireacht a dhéanamh ar an dul chun cinn i rith na bliana ionas go gcinntítear tionscnaimh straitéiseacha a chur i bhfeidhm le barr éifeachta.

Tá Comhairle Cathrach na Gaillimhe tugtha i gcónaí do sheirbhísí nuálacha, luathbheartacha, inbhuanaithe a chur ar fáil d'fhonn freastal do riachtanais athraitheacha na cathrach. Dearbhaítear in athuair leis an bplean seo an dúthracht maidir leis an gcomhar, an lánpháirtíocht agus an feabhsú leanúnach ionas go gcinntítear go leanann Gaillimh faoi bhláth ina cathair bhríomhar, sheasmhach le súil ar an am atá le theacht.



2. Ár Ráitis Misin agus Físe

Ár Ráiteas Misin

Leanúint de Ghaillimh a fhorbairt ina cathair de scoth an domhain maidir le láthair cónaithe, oibre, léinn agus infheistíochta trí sheirbhísí a chur ar fáil ar bhealach cóir, lánchuimsitheach, inbhuanaithe.

Ár Ráiteas Físe

Déanfaidh Comhairle Cathrach na Gaillimhe cathair chultúrtha agus chruthaitheach a stiúradh, trí chomhoibriú le pobail agus gnólachtaí éagsúla na Gaillimhe agus níos faide ó bhaile, chun ár dtréithe uathúla, inbhuanaitheacht, ionchuimsitheacht, sábháilteacht agus nuálaíocht a neartú agus a fheabhsú.



3. Ár mBunluachanna

Treoraíonn ár mBunluachanna muid i dtaobh na seirbhísí a chuireann Comhairle Cathrach na Gaillimhe ar fáil:

Meas
Léirímid meas agus luach ar ár gComhairleoirí agus ar ár bhFoireann, agus ar ár bpobail agus ar úsáideoirí ár gcuid seirbhísí, go háirithe iad siúd atá thíos le neamhionannas, inár ról mar fhostóir agus inár gcuid oibre i dtaobh seirbhísí a chur ar fáil do mhuintir na cathrach, ina nglacaimid san áireamh na riachtanais éagsúla go léir atá ag ár sochaí nua-aimseartha.

An Daonlathas
Tacaímid le ceannaireacht ár gComhairleoirí tríd an idirchaidreamh oscailte trédhearcach is fairsinge a chur ar fáil le rannpháirtíocht ó éagsúlacht iomlán ár bpobal sa phróiseas daonlathach.

Cuntasacht
Tabharfaimid faoinár gcuid oibre le hionracas agus le macántacht go dtí na caighdeáin ghairmiúla is airde agus is féidir i ngach seirbhís a chuirimid ar fáil lena chinntiú go ndéantar cinntí ar mhaithe le leas an phobail.

Comhionannas
Cinnteoimid go gcaitear go cothrom le gach duine, go dtugtar aitheantas d'éagsúlacht na n-úsáideoirí seirbhísí agus na foirne, agus go dtéitear in oiriúint don éagsúlacht sin, d'fhonn ionchuimsiú agus inrochtaineacht a chinntiú, agus comhionannas torthaí don éagsúlacht seo daoine a chothú agus dícheall a dhéanamh é a bhaint amach.

Cúrsaí inbhuanaitheachta
Réiteoimid an bealach i dtaobh inbhuanaitheacht a bhaint amach, ceartas comhshaoil a chur chun cinn agus teacht aniar a fhorbairt trí aistriú cóir ina gcuirfear réimse bearta ar leith, ach comhlántacha, i bhfeidhm maidir le gníomhú ar son na haeráide agus le maolú aeráide. Táimid tiomanta do Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe (SDGanna)

Comhpháirtíocht
Stiúrfaimid, tacóimid agus oibreoimid i gcomhar leis na hearnálacha poiblí, príobháideacha, pobail agus deonacha, trí rannpháirtíocht a chumasú ina measc siúd atá thíos le neamhionannas, lenár gcuspóirí corparáide agus ár bhfreagrachtaí reachtúla a chur i gcrích.

Cuimsiú
Cruthóimid bealaí úrnua chun dul in oiriúint don éagsúlacht, inrochtaineacht a bhaint amach, agus a chinntiú go mbeidh comhionannas ag muintir Chathair na Gaillimhe chomh maith leis na hacmhainní a bheith acu le bheith iomlán rannpháirteach.

Ionracas
Cinnteoimid trédhearcacht, cuntasacht agus cothroime i gcinnteoireacht.

Nuálaíocht

Forbróimid smaointe, tionscnaimh, cleachtais agus acmhainní nua chun seirbhísí níos éifeachtúla a chur ar fáil.

4. Cumas na hEagraíochta agus Acmhainní

Tá Comhairle Cathrach na Gaillimhe tugtha do sheirbhísí ar ardchaighdeán a chur ar fáil do mhuintir na cathrach trí leas éifeachtúil a bhaint as an acmhainn feidhme agus as acmhainní na heagraíochta. Tá ról cinniúnach le Rannóg na nAcmhainní Daonna san obair sin ó thaobh lucht saothair oilte a mhealladh, a choinneáil agus a spreagadh agus a chinntiú go mbíonn an fhoireann dea-ullmhaithe maidir le riachtanais na cathrach a shásamh. Maidir le cúrsaí airgeadais, cloíonn an chomhairle le coinníollacha follasachta agus cuntasachta trí bhuiséid agus ráitis airgeadais bhliantúla a fhoilsiú ina leagtar amach leithroinnt na n-acmhainní i leith na seirbhísí agus na dtionscnamh éagsúla.

Trí bhainistíocht straitéiseach a dhéanamh ar na hacmhainní daonna agus na hacmhainní airgid, féachann Comhairle Cathrach na Gaillimhe le maith a dhéanamh de na gealltanais a leagtar amach i bPlean Bliantúil Seachadadh Seirbhíse 2025 agus le rachmas agus dea-bhail na cathrach a chinntiú go leanúnach.

Aicmí na bhFostaithe	Iomlán (ar an 05/02/2025)
Bainistíocht	6
Cléireachas/Riarachán	254
Gairmiúil/Teicniúil	136
Allamuigh	241
Móriomlán	**637**

5. Achoimre Airgeadais

Tá soláthar déanta ag Comhairle Cathrach na Gaillimhe do chaiteachas €144,104,090 ag na rannóga seirbhíse maidir le seirbhísí a chur ar fáil i rith na bliana 2025. Déantar soláthar leis an mbuiséad d'infheistíocht sa chathair ar leibhéal suntasach cothrom le €1,690 in aghaidh an duine de mhuintir na cathrach.

Leagtar amach sa tábla thíos an caiteachas de réir na Rannóige agus tugtar cuntas achomair as sin amach sa tuarascáil ar na seirbhísí a chuirfear ar fáil leis an gcaiteachas sin.

Tá caiteachas mar seo a leanas beartaithe i rith na bliana 2025 ar fud Rannóga Seirbhíse na Comhairle:

Ollchaiteachas	Buiséad a Glacadh 2025		Buiséad a Glacadh 2025	
Tithíocht agus Tógáil	65,384,217	45%	49,445,810	41%
Bóithre, Iompar agus Sábháilteacht	16,672,912	12%	14,396,695	12%
Seirbhísí Uisce	2,137,665	2%	3,181,824	3%
Bainistíocht Forbraíochta	15,254,229	11%	11,429,069	9%
Seirbhísí Comhshaoil	15,917,801	11%	13,863,088	11%
Saoráidí Caitheamh Aimsire agus Taitneamhachta	21,925,506	15%	20,751,533	17%
Talmhaíocht, Oideachas, Sláinte agus Leas	419,010	0%	269,171	0%
Seirbhísí Ilghnéitheacha	6,392,760	4%	8,037,363	7%
	144,104,090		**121,374,553**	

6. Ár bPríomhsheirbhísí

Tá cúig cinn de stiúrthóireachtaí i gceist le Comhairle Cathrach na Gaillimhe.

An Stiúrthóireacht Forbartha Sóisialta

Seirbhísí Tithíochta
Caipiteal Tithíochta
Cothabháil Tithíochta
Cóiríocht don Lucht Siúil
Seirbhísí do Dhaoine gan Dídean
Lánpháirtíocht Shóisialta
Seirbhísí Lánpháirtíochta do Dhaoine ón Úcráin

An Stiúrthóireacht um Fhorbairt Oibríochtúil

Cothabháil Bóithre agus Cúrsaí Iompair
Seirbhísí Comhshaoil
Saoráidí Caitheamh Aimsire agus Taitneamhachta
Seirbhísí Uisce Ionaid
Pobail

An Stiúrthóireacht um Fhorbairt Tionscadal

An Oifig Bainistíochta Tionscadal (OBT) agus Forbairt Caipitil
Príomhoifig nua a Fhorbairt Athfhorbairt ar shuíomh Halla na Cathrach Taisteal Gníomhach
Forbairt CBCG
Sócmhainní Maoine agus Suíomhanna
Tréigthe Athrú Aeráide
Forbairt Pobail

An Stiúrthóireacht um Fhorbairt Uirbeach

Forbairt Áite Pleanáil chun Cinn Rialáil
Forbartha
Seirbhísí Ailtireachta Forbairt
Eacnamaíochta Cúrsaí
Oidhreachta agus Caomhantais Forbairt
Turasóireachta
Forbairt Ealaíne agus Cultúir
Acmhainní Daonna

An Stiúrthóireacht um Fhorbairt Chorparáideach

Airgeadas
Seirbhísí Corparáide
Rialachas Corparáide
Cumarsáid agus Margaíocht Gaeilge
TEC agus Cúrsaí Digiteacha
Bunathrú Corparáide
Bainistíocht Athraithe Seirbhísí Tráchtála

Comharsheirbhísí le Comhairle Chontae na Gaillimhe:

Seirbhísí Dóiteáin agus Seirbhísí Éigeandála An Oifig Fiontair Áitiúil (OFÁ) An Leabharlann

7. Táscairí Feidhmíochta

Baintear úsáid as táscairí feidhmíochta le héifeacht, críochnúlacht agus déanamh na seirbhíse a mheas i ndáil le feidhmeanna éagsúla, mar shampla, tithíocht, comhshaol, pleanáil agus forbairt eacnamaíochta. Déanann an Coimisiún Náisiúnta Maoirseachta agus Iniúchóireachta (CNMI) maoirseacht maidir leis na táscairí seo, lena n-áirítear slata tomhais maidir le rátaí folúntais tithíochta, tréimhsí próiseála maidir le hiarratais ar chead pleanála, éifeachtacht maidir le bainistíocht dramhaíola agus bainistíocht airgeadais. Cuidíonn marcanna tagartha den sórt seo le follasacht, cuntasacht agus feabhas leanúnach a chinntiú in obair an rialtais áitiúil ionas gur fearr an toradh seirbhíse a bhíonn ar fáil ag an bpobal.

Táscairí Feidhmíochta Chomhairle Cathrach na Gaillimhe (2023)

Seirbhís	Tag. an Táscaire Feidhmíochta	Tuairisc
Tithíocht	H1, H2, H4	Stoc an Údaráis Áitiúil (árais cónaithe)
	H3 agus H5	Aga athligean/Costas/Cuairteanna Cigireachta
	H6	Daoine gan Dídean agus Cóiríocht Éigeandála
	H7	Athfheistiú/Cothabháil
Bóithre	R1 agus R2	Cothabháil bóithre/Costas
	R3	Mótarcháin (Ní bhaineann leis an gComhairle Cathrach – Comhairle Chontae na Gaillimhe a ritheann an Oifig Mótarchánach)
Uisce	W1 agus W2	Ní bhaineann le Comhairle Cathrach na Gaillimhe – ní thagann aon scéim uisce faoina cúram
An Timpeallacht:	E1	Dramhaíl tí
	E2	Truailliú Comhshaoil
	E3	Truailliú bruscair
	E4	Stádas an Bhrait Ghlais
	E5	Éifeachtúlacht Fuinnimh

	E6	Soilse Poiblí
	E7	Athrú Aeráide

Seirbhís	Tag. an Táscaire Feidhmíochta	Tuairisc
Pleanáil	P1	Rialáil Foirgníochta/Cuairteanna Cigireachta
	P2 agus P3	Iarratais agus Cinntí maidir le Cead Pleanála
	P4 agus P5	Pleanáil chun Cinn/Sábháilteacht Dóiteáin
An tSeirbhís Dóiteáin	F1	Comharsheirbhís le Comhairle Chontae na Gaillimhe:
	F2 agus F3	Comharsheirbhís le Comhairle Chontae na Gaillimhe:
An tSeirbhís Leabharlannaíochta	L1	Comharsheirbhís le Comhairle Chontae na Gaillimhe:
	L2	Comharsheirbhís le Comhairle Chontae na Gaillimhe:
Seirbhísí Óige agus Pobail	Y1 agus Y2	Forbairt Pobail
Seirbhísí Corparáide	C1, C2, C4 agus C5	Cúrsaí Foirne agus Costais
	C3	TE/An Láithreán Gréasáin
Airgeadas	M1 go M4	Fáltas/barrachas/easnamh
Forbairt Eacnamaíochta	J1 go J5	Cruthú fostaíochta/OFÁ

8. Cur i bhFeidhm agus Monatóireacht

Cuirtear de réir córais chuig Plean Bliantúil Seachadadh Seirbhíse 2025 Chomhairle Cathrach a chur i bhfeidhm agus chuig monatóireacht a dhéanamh ina leith sin d'fhonn a chinntiú go dtugtar na haidhmeanna príomhthábhachta i bhfeidhm go héifeachtúil. Tá an plean ag teacht le príomhaidhmeanna straitéise na Comhairle agus gach Stiúrthóireacht faoi seach freagrach as spriocanna faoi leith a bhaint amach.

Ar mhaithe le monatóireacht ar an dul chun cinn, leagtar síos caighdeáin feidhmíochta agus déanann na Stiúrthóirí Seirbhíse agus meithle dá gcuid athbhreithniú go tráthrialta ina leith sin. Coinnítear súil ar na táscairí feidhmíochta, an chuid a shocraíonn an Coimisiún Náisiúnta Maoirseachta agus Iniúchóireachta (CNMI) san áireamh, d'fhonn a fheabhas atáthar ag teacht le slata tomhais náisiúnta a mheas. Cuirtear aon tuairisc nua a bhaineann le hábhar agus aon ní suntasach eile ina leith sin in iúl i dTuarascálacha míosúla an Phríomhfheidhmeannaigh leis na comhaltaí tofa. Chomh maith leis sin, faigheann an Grúpa Polasaí Corparáide tuairiscí feidhmíochta go rialta agus cinntítear monatóireacht leanúnach ar an gcaoi sin.

Ag deireadh na bliana, ullmhaíonn an Fhoireann Bainistíochta Shinsearach tuarascáil chuimsitheach ar an dul chun cinn a chuirtear faoi bhráid na gComhaltaí Tofa agus a fhoilsítear i dTuarascáil Bhliantúil Chomhairle Cathrach na Gaillimhe. Is próiseas é seo lena gcinntítear cuntasacht, follasacht agus feabhas leanúnach maidir le déanamh na seirbhíse.

9. Cuspóirí Déanamh Seirbhíse

Leagtar amach sna táblaí ar na leathanaigh as seo síos, i dtaca leis na haidhmeanna straitéise a fhoilsítear sa Phlean Corparáide 2024-2029, na haidhmeanna sonracha a chuirtear roimh gach stiúrthóireacht faoi leith don bhliain 2025.

10. An Stiúrthóireacht Forbartha Sóisialta

10.1 Tithíocht agus Lánpháirtíocht Shóisialta

Aidhm Straitéise: Barr feabhais a chur ar chaighdeán na beatha do mhuintir Chathair na Gaillimhe trí dhlús a chur le háiteanna cónaithe sóisialta agus inacmhainne agus le tacaíochtaí tithíochta ar shárchaighdeán dóibh siúd i ngátar agus i láithreacha cuí, agus pobail atá ionchuimsitheach ó thaobh cúrsaí sóisialta agus atá inbhuanaithe á gcruthú leis sin mar eiseamláir na Forbartha Sóisialta.

Tagairt:	Na Príomhsheirbhísí	Aidhm / Príomhbhearta Seirbhíse	Straitéis Déanamh Seirbhíse	Sprioc Ardleibhéil san PÁEP	Caighdeán Feidhmíochta	Rannóg Buiséid	Tráthchlár
SD1	Tograí Caipitil Tithíochta a Thabhairt i gCrích	Bearta a chur i bhfheidhm a thagann faoi phríomh-mhodhanna oibre Thithíocht do Chách agus Cur i bhFeidhm Phlean Gníomhaíochta Chomhairle Cathrach na Gaillimhe maidir le Tithíocht a Chur ar Fáil 2022-2026 agus aon phlean dá leanann sin i ndáil le tithíocht a chur ar fáil.	Réimse scéimeanna caipitil tithíochta a thabhairt chun cinn i gcomhar leis an RTRÁO, CCT, An Ghníomhaireacht Tithíochta, Soláthraithe Áitiúla Seirbhíse, an GFT agus Gníomhaireachtaí eile.	Cuspóir 3 Cathair cothromaíochta agus lánpháirtíochta	Árais cónaithe nua a chur ar fáil trí na seifteanna éagsúla atá ar fáil i gcomhréir leis na spriocanna atá leagtha síos ag an RTRÁO agus a luaitear i bPlean Gníomhaíochta CCG maidir le Tithíocht a Chur ar Fáil 2022 - 2026 Claí Mór, Seanbhóthar Mhuine Mheá - Tuath AHB 33 CAS, 41 CALF Muirbheach - Árasáin - Clúid AHB Clúid 32 Cuid V de réir mar a thugtar chun críche i rith na bliana 2025 Maolchnoc, Bóthar Bhaile an Mhóinín 14 aonad	Caipiteal 010	Aonaid a chur ar fáil i rith na bliana
		Modhanna oibre a fhónann d'Úinéireacht Árais Cónaithe agus d'acmhainn	Tithíocht do Chách – Plean Tithíochta Nua d'Éirinn	Cuspóir 4 Cathair sheasmhach inbhuanaithe	Garraí na Sailí Cuid V 8 n-aonad incheannaithe Claí Mór, Seanbhóthar Mhuine Mheá Tuath AHB 28 n-aonad CREL	Caipiteal 010	Aonaid a chur ar fáil i rith na bliana

		breise ceannacháin					

Tagairt:	Na Príomhseirbhísí	Aidhm / Príomhbhearta Seirbhíse	Straitéis Déanamh Seirbhíse	Sprioc Ardleibhéil san PÁEP	Caighdeán Feidhmíochta	Rannóg Buiséid	Tráthchlár
		Modhanna oibre chun Deireadh a Chur le hEaspa Dídine, Breis Tithíochta Sóisialta a Chur ar Fáil agus Fónamh don Lánpháirtíocht Shóisialta	Plean Gníomhaíochta CCG maidir le Tithíocht a Chur ar Fáil 2022-2026	Cuspóir 5 Cathair a fhónann don tsláinte agus don fholláine	Tús a chur leis an obair thógála ar Shuíomh an Ionaid Lae ar Bhóthar Shéamais Uí Chuirc. Athlonnú seirbhíse le linn an obair thógála a dhéanamh.	Caipiteal RTRÁO / An tAonad Easpa Dídine	Tús leis an obair thógála R2 Clár oibre 24 mí go deireadh na hoibre
		Modhanna oibre d'fhonn Cur leis an Soláthar Tithíochta Nua agus tithíocht cineálacha éagsúla seilbhe a chur ar fáil an tráth céanna a gcuirtear deireadh le hidirdhealú d'aon chineál agus a ndírítear ar riachtanais shonracha dhaoine éagsúla i measc an phobail.	Plean Gníomhaíochta CCG maidir le Tithíocht a Chur ar Fáil 2022-2026	Cuspóir 4 Cathair sheasmhach inbhuanaithe	Tús a chur le haidhmeanna forfheidhmiúcháin faoin CCLS nua 2025 - 2029, faoin Straitéis maidir le hÁrais Cónaithe atá Folamh agus árais fholmha a chur ar ais in úsáid i dtráthchlár éifeachtúil. An Cuarbhóthar a Chríochnú R1 2025	Caipiteal 010	

		Cúnamh maidir le tograí caipitil chun na haidhmeanna faoin Straitéis maidir le hÁrais Cónaithe atá Folamh a leagtar amach in Tithíocht do Chách a thabhairt i bhfeidhm.	Cur oiread agus is féidir le líon na n-aonad a chuirtear ar ais in úsáid trí na modhanna éagsúla atá ar fáil; Deisiú agus Léasáil, Ceannach agus Athnuachan agus an deontas Croí Cónaithe maidir le háitreabh folamh a athchóiriú ar leathnaíodh a réimse le gairid go dtagann Cathracha faoina scáth.	Cuspóir 4 Cathair sheasmhach inbhuanaithe	Bolscaireacht agus riarachán maidir leis an deontas athchóiriúcháin d'áitreabh folamh. Cur leis an leas as deisiú agus léasáil sa chathair	Caipiteal 010	

Tagairt:	Na Príomhseirbhísí	Aidhm / Príomhbhearta Seirbhíse	Straitéis Déanamh Seirbhíse	Sprioc Ardleibhéil san PÁEP	Caighdeán Feidhmíochta	Rannóg Buiséid	Tráthchlár
SD2	Cúnamh taca a chur ar fáil do CCT maidir le Tithíocht Shóisialta a chur ar fáil	Oibriú leis na CCT mar ghné d'obair Fhóram CCT na Cathrach / an Chontae in éineacht	Plean Gníomhaíochta CCG maidir le Tithíocht a Chur ar Fáil 2022 - 2026	Cuspóir 4 Cathair sheasmhach inbhuanaithe	Tionscnaimh i gcomhar a thabhairt chun cinn ar thailte ar fud na cathrach, Dabhach Uisce agus an Cuarbhóthar san áireamh. LS leasaithe lucht forbraíochta agus clárú spéise maidir le CCT	Caipiteal 010	Q1
		Oibriú le CCT d'fhonn cur oiread agus a d'fhéadfaí le líon na n-áras faoi Chuid V a chuirtear ar fáil	Sásamh na gcoinníollacha faoi Chuid V a chinntiú	Cuspóir 4: Cathair sheasmhach inbhuanaithe	Luathbheartaíocht maidir le scéimeanna, roimh agus tar éis chéimeanna na pleanála	A06	Q2
		Cur le líon na n-áras ar cíos de réir costais ar fud na cathrach	Plean Gníomhaíochta CCG maidir le Tithíocht a Chur ar Fáil 2022 - 2026	Cuspóir 4: Cathair sheasmhach inbhuanaithe	Aonaid ar Cíos de réir Costais arna gcur ar fáil ag CCT Soir agus Siar as an gcathair 28 Áras Claí Mór, Tuath Cuidiú le Clúid maidir le 75 aonad CREL i Maolchnoc Cúnamh maidir le haonaid CREL in Ascaill Bhréanainn	A01	Aonaid a chur ar fáil i rith na bliana
		Oibriú le CCT maidir le seirbhísí cóiríochta do dhaoine gan dídean a chur ar fáil faoin scéim SCC.	Plean Gníomhaíochta CCG maidir le Tithíocht a Chur ar Fáil 2022 - 2026	Cuspóir 4: Cathair sheasmhach inbhuanaithe	Leanúint le cúnamh CCG do CCT Chlann Shíomóin agus COPE maidir le scéimeanna do dhaoine gan dídean a thabhairt i gcrích	A01	Q4

Tagairt:	Na Príomhsheirbhísí	Aidhm / Príomhbhearta Gníomhaíochta	Straitéis Déanamh Cinntí	Sprioc Ardleibhéil san RÁFB	Caighdeán Feidhmíochta	Rannóg Buiséid	Tráthchlár
SD3	Obair Bainistíochta agus Cothabhála maidir leis an Stoc Tithíochta	Leanúint de na cláir oibre cothabhála agus bainistíochta a chur i bhfeidhm mar atá pleanáilte, lena n-áirítear coirí nua in áit seanchoirí, Fuinneoga agus Doirse, Díonta a Dheisiú, Feabhsúchán maidir le Radón, Obair Feabhsúcháin maidir le taise, an clár oibre leanúnach maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh agus suirbhé leanúnach pleanáilte a choinneáil ar bun maidir le hobair chothabhála ar an stoc tithíochta. Feabhas ar an mbainistíocht i ndáil leis an stoc tithíochta sóisialta, lena n-áirítear clár pleanáilte maidir le hobair chothabhála agus feabhas ó thaobh éifeachtúlacht fuinnimh ar árais cónaithe shóisialta agus é d'aidhm ráta B2 BER ar a laghad a shásamh maidir leis an stoc tithíochta uilig	Tithíocht do Chách	Cuspóir 4: Cathair sheasmhach inbhuanaithe	Leanúint leis an obair chothabhála atá beartaithe agus leis an mbainistíocht sócmhainní i ndáil leis an stoc tithíochta	A01	Toradh saothair trí chláir oibre ilbhliantúla

Tagairt:	Na Príomhsheirbhísí	Aidhm / Príomhbhearta Seirbhíse	Straitéis Déanamh Seirbhíse	Sprioc Ardleibhéil san PÁEP	Caighdeán Feidhmíochta	Rannóg Buiséid	Tráthchlár
				Cuspóir 5: Cathair a fhónann don tsláinte agus don fholláine	Leanúint leis an obair chothabhála atá beartaithe agus leis an mbainistíocht sócmhainní i ndáil leis an stoc tithíochta	A01	Toradh saothair trí chláir oibre ilbhliantúla
				Cuspóir 5: Cathair a fhónann don tsláinte agus don fholláine	Leanúint leis an obair chothabhála atá beartaithe agus leis an mbainistíocht sócmhainní i ndáil leis an stoc tithíochta, agus bonn a chur faoi sin le suirbhéireacht chuimsitheach ar chuma an stoic, i gcomhréir le tionscnamh na RTRÁO ina leith sin	A01	Toradh saothair trí chláir ilbhliantúla i gcomhréir le maoiniú RTRÁO
				Cuspóir 5: Cathair a fhónann don tsláinte agus don fholláine	Leanúint leis an gClár Athfheistithe maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh ar bhealach pleanáilte de réir mar a bhíonn acmhainní ar fáil chuige sin.	A01	Toradh saothair trí chláir ilbhliantúla i gcomhréir le maoiniú RTRÁO
				Cuspóir 5: Cathair a fhónann don tsláinte agus don fholláine	Na spriocanna bliantúla agus Táscairí CNFI a shásamh maidir le stoc tithíochta (<1.5%) de chuid na Comhairle nach bhfuil cónaí ann	A01	Toradh saothair trí chláir oibre ilbhliantúla

Tagairt:	Na Príomhsheirbhísí	Aidhm / Príomhbhearta Seirbhíse	Straitéis Déanamh Seirbhíse	Sprioc Ardleibhéil san PÁEP	Caighdeán Feidhmíochta	Rannóg Buiséid	Tráthchlár
SD4	Cúnamh agus Seirbhísí a chur ar fáil do Dhaoine gan Dídean	A chinntiú go mbíonn rogha maidir le cóiríocht éigeandála ar fáil ag daoine a measann CCG iad a bheith gan dídean agus cur le réimse na mbeart cúnta a bhíonn ar fáil ag teaghlaigh gan dídean.	An Plean Gníomhaíochta Réigiúnach maidir le Daoine gan Dídean a Aontú agus a Chur i bhfeidhm i gcomhréir le Modhanna Oibre Tithíocht do Chách 2 - Deireadh a chur le hEaspa Dídine.	Cuspóir 3: Cathair cothromaíochta agus lánpháirtíochta	Bearta a chur i bhfeidhm i gcomhréir leis na spriocanna aontaithe. Brath níos lú ar CÉP. An Plean Gníomhaíochta leasaithe 2025 – 2027 a aontú	A05	ar lean
			Plean Gníomhaíochta Réigiún an Iarthair maidir le Daoine gan Dídean 2025 - 2027	Cuspóir 5: Cathair a fhónann don tsláinte agus don fholláine	Tús a chur leis an obair thógála ar Shuíomh an Ionaid Lae ar Bhóthar Shéamais Uí Chuirc. Athlonnú seirbhíse le linn an obair thógála a dhéanamh.	A05	Tús leis an obair thógála R2 Clár oibre 24 mí go deireadh na hoibre
			Plean Thithíocht ar dTús 2022 - 2026 a chur i bhfeidhm	Cuspóir 5: Cathair a fhónann don tsláinte agus don fholláine	Leanúint de Chlár Thithíocht ar dTús a chur i bhfeidhm do dhaoine aonair atá gan dídean.	A05	ar lean
			An Reachtaíocht faoi Dhaoine gan Dídean agus Plean Gníomhaíochta Réigiún an Iarthair maidir le Daoine gan Dídean	Cuspóir 5: Cathair a fhónann don tsláinte agus don fholláine	A chinntiú go mbaintear an leas is mó is féidir as na seirbhísí Éigeandála do Dhaoine gan Dídean. Athlonnú an Ionaid Lae go dtí Mol Modúlach don Chóiríocht Shealadach do Dhaoine gan Dídean ar Bhóthar Shéamais Uí Chuirc le linn obair forbraíochta.	A05	ar lean

					Leanúint le leapacha tráth fuachta in áiseanna ar léas go dtí go dtugtar an obair ar an Ionad Lae chun críche		
			Feidhmiú de réir Chreatchóras Náisiúnta na gCaighdeán Cáilíochta, lena n-áirítear athbhreithniú ar na gníomhaireachtaí a chuireann seirbhísí ar fáil do dhaoine gan dídean.	Cuspóir 5: Cathair a fhónann don tsláinte agus don fholláine	A chinntiú go gcloítear le Creatchóras Náisiúnta na gCaighdeán Cáilíochta maidir le Seirbhísí do Dhaoine gan Dídean	A05	ar lean

Tagairt:	Na Príomhsheirbhísí	Aidhm / Príomhbhearta Seirbhíse	Straitéis Déanamh Seirbhíse	Sprioc Ardleibhéil san PÁEP	Caighdeán Feidhmíochta	Rannóg Buiséid	Tráthchlár
			Leathnú leis an ICT do Dhaoine gan Dídean agus le Seirbhísí maidir le hÁit a aimsiú	Cuspóir 5: Cathair a fhónann don tsláinte agus don fholláine	Tithíocht ar dTús a chur i bhfeidhm agus spriocanna aontaithe na bliana 2025 a shásamh	A05	ar lean
			An brath ar CÉP ag teaghlaigh a mhaolú. Monatóireacht leanúnach a chinntiú ar an gclár píolótach do theaghlaigh arna eagrú i gcomhar idir an chathair agus an contae	Cuspóir 5: Cathair a fhónann don tsláinte agus don fholláine	Na spriocanna aontaithe a bhaint amach agus tionóntachtaí a thabhairt chun cinn. Líon na gcruinnithe ag grúpaí maoirseachta agus forfheidhmiúcháin	A05	ar lean
				Cuspóir 5: Cathair a fhónann don tsláinte agus don fholláine	A chinntiú go mbíonn cistíocht S10 le sonrú ar chomhaontuithe leibhéal seirbhíse.	A05	ar lean
SD5	Obair feidhmiúcháin agus bainistíochta maidir le ÍCT agus SCC, Íoschaighdeáin Cóiríochta maidir le hÁrais Phríobháideacha ar Cíos	Cur i bhfeidhm agus Tuairisciú ar an Íocaíocht Cúnaimh Tithíochta (HAP), agus ar an Scéim Cóiríochta Cíosa (an RAS). Athbhreithniú maidir le cíos difreálach a dhéanamh ar gach tionóntacht de chuid na	Tithíocht do Chách, na hAchtanna Tithíochta 2009/2014.	Cuspóir 5: Cathair a fhónann don tsláinte agus don fholláine	Spriocanna na RTRÁO maidir le ÍCT a bhaint amach	A07	ar lean

		Comhairle, faoi Íocaíocht Cúnaimh Tithíochta nó an Scéim Cóiríochta Cíosa (ÍCT/SCC) agus faoi Léas.					

Tagairt:	Na Príomhsheirbhísí	Aidhm / Príomhbhearta Seirbhíse	Straitéis Déanamh Seirbhíse	Sprioc Ardleibhéil san PÁEP	Caighdeán Feidhmíochta	Rannóg Buiséid	Tráthchlár
				Cuspóir 5: Cathair a fhónann don tsláinte agus don fholláine	Athbhreithniú Lánchuimsitheach Cíosa maidir le ÍCT/SCC	A07	ar lean
				Cuspóir 5: Cathair a fhónann don tsláinte agus don fholláine	Obair bainistíochta i ndáil le tiarnaí talún agus CCT maidir le gach íocaíocht cíosa / athbhreithniú cíosa / ceist maidir le tionóntacht/spriocanna ÍCT a bhaint amach in earnáil na n-áras príobháideach ar cíos agus CCT.	A07	ar lean
		Dul chun cinn maidir le daoine a bhfuil forlíonadh cíosa á fháil go fadtéarmach acu a athrú ó RCS go ÍCT		Cuspóir 5: Cathair a fhónann don tsláinte agus don fholláine	Aistriú thionóntachtaí ÍCT faoi SCC ón RCS go CCG de réir a chéile faoi mar a aontaítear	A07	ar lean
		Obair bainistíochta agus bolscaireachta maidir le SCC / Scéimeanna Léasa Gearrthéarmacha (Earnáil na nÚinéirí Príobháideacha agus CCT)		Cuspóir 5: Cathair a fhónann don tsláinte agus don fholláine	Líon na n-aonad a aimsítear.	A07	ar lean

		A chinntiú go mbaintear caighdeáin ábhartha amach i dtithíocht agus i rialú tógála agus go dtacaítear le caighdeáin íosta a chur i bhfeidhm san earnáil cíosa.	Rialacháin na dTithe (Caighdeáin maidir le Tithe ar Cíos) 2019 agus an tAcht um Rialú Foirgníochta	Cuspóir 5: Cathair a fhónann don tsláinte agus don fholláine	Líon na mbeart cigireachta a dhéantar ar áras príobháideach ar cíos agus Líon na bhfógraí feabhsúcháin agus toirmisc a eisítear. Cur le líon na gcuairteanna cigireachta de réir na spriocanna náisiúnta agus caighdeáin CNMI	AO7	ar lean

Tagairt:	Na Príomhsheirbhísí	Aidhm / Príomhbhearta Seirbhíse	Straitéis Déanamh Seirbhíse	Sprioc Ardleibhéil san PÁEP	Caighdeán Feidhmíochta	Rannóg Buiséid	Tráthchlár
		Gnáis oibre leasaithe a thabhairt i bhfeidhm maidir le bainistíocht tionóntachtaí faoin SCC in áitribh arna maoiniú faoin scéim cúnamh caipitil	Tithíocht do Chách	Cuspóir 5: Cathair a fhónann don tsláinte agus don fholláine	Na gnáis oibre a shocrú go cinnte	A02	Q4
SD6	Measúnóireacht agus Dáileadh maidir le Tithíocht	An Mheasúnacht maidir le Riachtanais Tithíochta 2025 a thabhairt chun críche	Treoirlínte MRT / Rialacháin 2011	Cuspóir 5: Cathair a fhónann don tsláinte agus don fholláine	An AMTS bliantúil a thabhairt chun críche i gcomhréir leis na treoirlínte náisiúnta le béim ar an gcustaiméir	A02	Q3
		Leanúint leis an gclár oibre maidir le leithdháileadh tionóntachtaí	Scéim an Ord Tábhachta maidir le Ligean	Cuspóir 5: Cathair a fhónann don tsláinte agus don fholláine	Leanúint den phróiseas maidir le hárais atá folamh, a cheannaítear, i scéimeanna nuathógtha, de chuid CCT a leithdháileadh, gnás aistriúcháin maidir le tionóntaí sóisialta san áireamh (c. 300 áras)	A02	ar lean
			An Creat Náisiúnta Forfheidhmiúcháin maidir leis an Straitéis Náisiúnta Tithíochta do Dhaoine faoi Mhíchumas / Straitéis CCG maidir le Daoine faoi Mhíchumas 2021	Cuspóir 3: Cathair cothromaíochta agus lánpháirtíochta	Gnáis oibre leagtha amach agus tugtha i bhfeidhm maidir le measúnacht i gcás dhaoine faoi mhíchumas	A02	ar lean

		An Bhainistíocht ar chóras Bunaithe ar Rogha maidir le gnáthárais ÚÁ / CCT a leithdháileadh lena ligean	Scéim an Ord Tábhachta maidir le Ligean	Cuspóir 3: Cathair cothromaíoc hta agus lánpháirtíoc hta	Uaslíon leithdháilte	A02	ar lean

Tagairt:	Na Príomhsheirbhísí	Aidhm / Príomhbhearta Seirbhíse	Straitéis Déanamh Seirbhíse	Sprioc Ardleibhéil san PÁEP	Caighdeán Feidhmíochta	Rannóg Buiséid	Tráthchlár
SD7	Clár Cóiríochta don Lucht Siúil a chur i bhfeidhm	Aidhmeanna agus spriocanna a thabhairt i gcrích faoi mar a leagtar amach sa CCLS 2025 - 2029	Acht na dTithe (Cóiríocht don Lucht Siúil) 1998	Cuspóir 3: Cathair cothromaíochta agus lánpháirtíochta	Scéimeanna caipitil a thabhairt chun cinn i gcomhar leis an CCÁCLS agus i gcomhréir leis na spriocanna aontaithe a leagtar síos sa CCLS, lena n-áirítear an Caorán (8), Dabhach Uisce (4), An Cuarbhóthar (5)	Caipiteal O1	Scéimeanna ag céim na féidearthachta
			Clár Cóiríochta don Lucht Siúil 2025-2029	Cuspóir 5: Cathair a fhónann don tsláinte agus don fholláine	Leanúint ag féachaint le réiteach a fháil maidir le láithreán sealadach Cheathrú an Bhrúnaigh agus láithreán stad Chúl Trá.	A01	ar lean
				Cuspóir 3: Cathair cothromaíochta agus lánpháirtíochta	Togra an Chuarbhóthair a chríochnú agus a áitriú R1 Leanúint den obair i gcomhar le Respond maidir le suíomh a fhorbairt i nDabhach Uisce chun Árais Cóiríochta don Lucht Siúil a chur ar fáil.	Caipiteal O1	Q1
				Cuspóir 3: Cathair cothromaíochta agus lánpháirtíochta	Leanúint den chlár suirbhéireachta maidir leis an stoc agus d'obair feabhsúcháin.	A01	Toradh saothair trí chláir ilbhliantúla i gcomhréir le maoiniú RTRÁO

		A chinntiú go bhfuil an CCÁCLS ag feidhmiú go héifeachtúil		Cuspóir 3: Cathair cothromaíoc hta agus lánpháirtíoc hta	Cruinnithe rialta den CCÁCLS a thionól le monatóireacht a dhéanamh ar an CCLS 2025 – 2029, cruinnithe ina measc d'fhoghrúpaí CCÁCLS (Oibriúchán agus Bainistíocht Eastáit)	A01	ar lean

Tagairt:	Na Príomhsheirbhísí	Aidhm / Príomhbhearta Seirbhíse	Straitéis Déanamh Seirbhíse	Sprioc Ardleibhéil san PÁEP	Caighdeán Feidhmíochta	Rannóg Buiséid	Tráthchlár
SD8	Bainistíocht a dhéanamh maidir le Bainistíocht Eastáit agus Bearta Taca maidir le Tionóntacht	Forálacha sa Straitéis Bainistíochta maidir le hEastáit a chur i bhfeidhm	An Straitéis Bainistíochta maidir le hEastáit 2018	Cuspóir 4: Cathair sheasmhach inbhuanaithe	Leanúint den chlár oibre maidir le Foirgnimh Pobail d'fhonn feabhas a chur orthu agus a chinntiú go sásaítear na caighdeáin rialúcháin go léir. Leanúint de na cláir feabhsúcháin pobail a chur i bhfeidhm.	A04	ar lean
			An tAcht um Rialú Capall 1996	Cuspóir 4: Cathair sheasmhach inbhuanaithe	Togra maidir le capaill a chur le chéile i gcomhar leis an CCÁCLS	A04	ar lean
			Na hAchtanna Tithíochta	Cuspóir 4: Cathair sheasmhach inbhuanaithe	A chinntiú go gcuirtear i bhfeidhm an Straitéis Bainistíochta maidir le hEastáit	A04	ar lean
				Cuspóir 4: Cathair sheasmhach inbhuanaithe	Bainistíocht a dhéanamh ar an bpróiseas foláirimh maidir le tionóntacht agus ar chomhlíonadh na gcomhaontuithe léasa agus ar an gcomhoibriú leanúnach leis an nGarda Síochána.	A04	ar lean

Tagairt:	Na Príomhsheirbhísí	Aidhm / Príomhbhearta Seirbhíse	Straitéis Déanamh Seirbhíse	Sprioc Ardleibhéil san PÁEP	Caighdeán Feidhmíochta	Rannóg Buiséid	Tráthchlár
SD9	Bainistíocht maidir le Cíosanna agus Iasachtaí Tithíochta, tionscnaimh agus scéimean na Ceannacháin do Thionóntaí	Comhlíonadh Choinníollacha Tionóntachta /Comhchaidreamh	An Straitéis Bainistíochta maidir le hEastáit 2018	Cuspóir 3: Cathair cothromaíocht agus lánpháirtíocht	Dréacht de Scéim Chíosanna Difreálacha 2025, ÍCT/SCC san áireamh	A03	ar lean
			Polasaí Creidmheasa maidir le hIasachtaí Tithíochta / Tithíocht do Chách	Cuspóir 5: Cathair a fhónann don tsláinte agus don fholláine	Cruinnithe rialta de chuid an Choiste Creidmheasa ag a bpléitear le hiarratais ar iasachtaí	A03	ar lean
		Obair bhainistíochta agus chothabhála ar chuntais cíosa na dtionóntaí tithíochta sóisialta		Cuspóir 3: Cathair cothromaíocht agus lánpháirtíocht	Áitribh a dhíol le hiarrthóirí ceadaithe agus cloí leis an gcáipéis nua polasaí agus gnáis oibre	A03	ar lean
		Bainistíocht agus obair leanúnach ar iarratais faoin SCT	An Scéim Ceannacháin Incrimintigh do Thionóntaí 2016 agus Scéim na nIasachtaí Tí ó Údarás Áitiúil	Cuspóir 3: Cathair cothromaíocht agus lánpháirtíocht	Líon na n-iarratas ar Iasacht a ndéantar próiseáil orthu	A04	ar lean

Tagairt:	Na Príomhsheirbhísí	Aidhm / Príomhbhearta Seirbhíse	Straitéis Déanamh Seirbhíse	Sprioc Ardleibhéil san PÁEP	Caighdeán Feidhmíochta	Rannóg Buiséid	Tráthchlár
SD10	Tionscaimh agus bearta taca maidir le Lánpháirtíocht Shóisialta a chur i bhfeidhm	An Scéim Deontais maidir le Lánpháirtíocht Shóisialta a chur i bhfeidhm	An Scéim Deontais maidir le Lánpháirtíocht Shóisialta i rith R2	Cuspóir 5: Cathair a fhónann don tsláinte agus don fholláine	Líon na n-iarratas a phróiseáiltear.	A04	Q2
		Leanúint d'áis a dhéanamh do Ghrúpa Áis don Uile Dhuine na Gaillimhe agus na spriocanna a leagtar amach sa Straitéis Áisiúlachta a bhaint amach	An Clár Lánpháirtíochta Sóisialta	Cuspóir 3: Cathair cothromaíocht agus lánpháirtíocht a	Spriocanna a bhaint amach sa chathair d'fhonn na spriocanna áisiúlachta a shásamh	A04	ar lean
			Gnáis oibre a bhunú ar na Treoirlínte Náisiúnta	Cuspóir 3: Cathair cothromaíocht agus lánpháirtíocht a	Líon na ndeontas a thugtar	A04	Q3
		Comhordú maidir le Seachtain na Lánpháirtíochta Sóisialta	Bearta oibre a thabhairt chun cinn de réir na bPleananna Forfheidhmiúcháin MF 2023 – MF 2024	Cuspóir 4: Cathair sheasmhach inbhuanaithe	Líon na mbearta oibre a chuirtear i gcrích	A01	Q3
		Plean Straitéise Chathair na Gaillimhe maidir le Tithíocht do Dhaoine faoi Mhíchumas a chur i	An Straitéis maidir le Tithíocht agus Daoine faoi Mhíchumas 2021	Cuspóir 4: Cathair sheasmhach inbhuanaithe	Líon na n-áras a chuirtear ar fáil do dhaoine faoi mhíchumas	A01	ar lean

		bhfeidhm					

Tagairt:	Na Príomhsheirbhísí	Aidhm / Príomhbhearta Seirbhíse	Straitéis Déanamh Seirbhíse	Sprioc Ardleibhéil san PÁEP	Caighdeán Feidhmíochta	Rannóg Buiséid	Tráthchlár
SD11	**Bearta faoin bPlean Gníomhaíochta maidir leis an Aeráid a chur i bhfeidhm**	Bearta a leagtar amach i bPlean Gníomhaíochta CCG maidir leis an Aeráid a chur i bhfeidhm	Oibreoidh Lucht Tromúsáide Fuinnimh sa rannóg mar chuid de Mheitheal Fuinnimh tras-rannach in éineacht le hOifigeach Feidhmíochta Fuinnimh (OFF) Chomhairle Cathrach na Gaillimhe agus le Biúró Fuinnimh nua Réigiúnach maidir le Plean Gníomhaíochta Fuinnimh a leagan amach agus Bearta Spárála Fuinnimh a chur i bhfeidhm.	Cuspóir 4: Cathair sheasmhach inbhuanaithe	Leanúint den fheabhas maidir le héifeachtúlacht fuinnimh i ndáil le spriocanna na bliana 2030 agus tuairisciú rialta a dhéanamh ina leith. Spáráil fuinnimh ar mhodh atá tomhaiste agus dearbhaithe.	A01	ar lean
			An Clár Athfheistiúcháin maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh	Cuspóir 5: Cathair a fhónann don tsláinte agus don fholláine	Deiseanna maidir le héifeachtúlacht fuinnimh a chur san áireamh leis an sceideal oibre maidir le hathrú tionóntachta	A01	ar lean

SD12	**An Úcráin agus Seirbhísí Imeasctha**	Imeascadh sóisialta iarrthóirí CI, Dídeanaithe Cláir agus TCS a chothú sa phobal áitiúil trí fheidhm a bhaint as prionsabail agus gnáis oibre maidir leis an bhforbairt pobail agus bearta taca maidir le lánpháirtíocht áitiúil	Treoirlínte na Roinne	Cuspóir 3: Cathair cothromaíocht a agus lánpháirtíocht a	Clinicí cúnta a eagrú gach coicís ar fud na suíomhanna uilig		Aonaid a chur ar fáil i rith na bliana

11. An Stiúrthóireacht um Fhorbairt Oibríochtúil

11.1 An Timpeallacht:

Aidhm Straitéise: Timpeallacht nádúrtha na cathrach a chosaint, a fheabhsú, agus a chaomhnú, agus aird agus tuiscint ar chúrsaí timpeallachta a chothú an tráth céanna trí chomhoibriú le heagraíochtaí agus le dreamanna áitiúla pobail. Tá d'aidhm feabhas a chur ar chaighdeán an tsaoil ag muintir na cathrach uilig trí thimpeallacht uirbeach inbhuanaithe a chothú atá cóiriúil don timpeallacht.

Tagairt:	Na Príomhsheirbhísí	Aidhm / Príomhbhearta Seirbhíse	Straitéis Déanamh Seirbhíse	Sprioc Ardleibhéil san PÁEP	Caighdeán Feidhmíochta	Rannóg Buiséid	Tráthchlár
EN1	Monatóireacht agus Bainistíocht i leith Phlean BCMCC	Tuarascáil faoi Phlean BCMCC 2024 Plean na bliana 2025 a leagan amach agus bearta a chur i gcrích dá réir, an chigireacht a bhaineann le hábhar san áireamh	Teacht le treoirlínte GCC agus leis an ord tábhachta náisiúnta	Cuspóir 4: Cathair sheasmhach inbhuanaithe Cuspóir 5: Cathair a fhónann don tsláinte agus don fholláine	Na spriocanna agus na spriocdhátaí a leagtar amach sa Phlean a shásamh de réir mar a bhíonn acmhainní ar fáil chuige sin	E07 Na Rialacháin Dramhaíola, Monatóireacht a agus Forfheidhmiúcháin	Go bliantúil

Tagairt:	Na Príomhsheirbhísí	Aidhm / Príomhbhearta Seirbhíse	Straitéis Déanamh Seirbhíse	Sprioc Ardleibhéil san PÁEP	Caighdeán Feidhmíochta	Rannóg Buiséid	Tráthchlár
EN2	Monatóireacht agus Bainistíocht ar Ghnóthaí Forfheidhmiúcháin maidir le Dramhaíl	An reachtaíocht maidir le bainistíocht dramhaíola a chur i bhfeidhm, lena n-áirítear Ord Tábhachta Náisiúnta 2025 na nGnóthaí Forfheidhmiúcháin maidir le Dramhaíl Bainistíocht ar Cheadanna do Mhonarchana Dramhaíola.	Teacht le hOrd Tábhachta Náisiúnta 2025 na nGnóthaí Forfheidhmiúcháin maidir le Dramhaíl, lena n-áirítear dul i ngleic le mórbhearta mídhleathacha maidir le dramhaíl, dumpáil mídhleathach, bailitheoirí neamhúdaraithe & dramhaíl tógála a dhiúscairt. Scartáil, An Treoir maidir le Feithiclí Deireadh Ré Feidhme & an Tionscal Dramh-mhiotail, Bailiú Dramhaíola - Dramhaíl Tí & Dramhaíl Tráchtála. Teacht leis an Reachtaíocht, Deimhniú Clárúcháin Tuairisceán bliantúil maidir le deimhniú	Cuspóir 4: Cathair sheasmhach inbhuanaithe Cuspóir 5: Cathair a fhónann don tsláinte agus don fholláine	Teacht leis an Ord Tábhachta. Tuairiscí rialta ar a fheabhas a chuirtear i gcrích. Tuairisc i scríbhinn ar ghearáin agus beart dá réir. Gnás Oibre ar bun maidir le Ceadanna Monarchana Dramhaíola agus déanamh dá réir de réir mar a bhíonn na hacmhainní ar fáil chuige sin	E07 Na Rialacháin Dramhaíola, Monatóireacht a agus Forfheidhmiúcháin	Go bliantúil

			ceada.				

Tagairt:	Na Príomhsheirbhísí	Aidhm / Príomhbhearta Seirbhíse	Straitéis Déanamh Seirbhíse	Sprioc Ardleibhéil san PÁEP	Caighdeán Feidhmíochta	Rannóg Buiséid	Tráthchlár
EN3	Seirbhísí agus Bearta Taca maidir le Bainistíocht Dramhaíola a chur ar fáil	Bainistíocht ar Shuíomh Cheathrú an Bhrúnaigh lena n-áirítear iarchúram agus athchóiriú ar an láithreán líonadh talún dúnta ionas go gcinntítear coinníollacha leis an gceadúnas ón GCC a shásamh agus bainistíocht ar an léas don tsaoráid múirín. Leanúint d'fheabhas iomlán ar ghlaineacht na Gaillimhe le tionscnaimh ar mhaithe le bainistíocht dramhaíola i bhfeidhm ar fud na cathrach. A chinntiú go leantar, leis an Ionad Fóntas Poiblí, an córas bailiúcháin d'earraí toirtiúla agus na gabhdáin fágála, dá n-éilítear faoin reachtaíocht a shásamh. Dumpáil mhídhleathach a chloí agus páirt a ghlacadh sa Tionscnamh i gcoinne Dumpála	Rialacháin Comhshaoil a Shásamh. An Plean Bainistíochta Bruscair 2025-2029 a chomhlíonadh. Na hAchtanna um Bhainistíocht Dramhaíola & an Plean agus Treoirlínte an GCC a shásamh. Maolú leibhéil maidir le dumpáil mhídhleathach agus obair seachanta, maolúcháin, oideachais agus forfheidhmiúcháin ina leith.	Cuspóir 5: Cathair a fhónann don tsláinte agus don fholláine	Leanúint den chaidreamh leis an GCC. Saoráid ar léas agus monatóireacht maidir le cloí le téarmaí an léasa. Leanúint den fheabhas ar rátaí IBAL i lár na Cathrach agus ar an mBaile Bán. Cur le haird agus tuiscint an phobail arna mheas de réir na húsáide as Gabhdáin Fágála agus as an Ionad Fóntas Poiblí chomh maith le Comhlíonadh Threoirlínte an GCC maidir le dealú cineálacha dramhaíola. Forálacha na bhFodhlíthe a chur i bhfeidhm. An Clár Dramhaíola faoi Alt 34 a choinneáil ar bun agus tús a chur le cuairteanna seiceála maidir le cúrsaí comhlíonta. De réir mar a bhíonn acmhainní ar fáil chuige.	E08 Pleanáil maidir le Bainistíocht Dramhaíola	Ar lean

		2025.					

Tagairt:	Na Príomhsheirbhísí	Aidhm / Príomhbhearta Seirbhíse	Straitéis Déanamh Seirbhíse	Sprioc Ardleibhéil san PÁEP	Caighdeán Feidhmíochta	Rannóg Buiséid	Tráthchlár
EN4	Cláir agus Tionscnaimh Oideachais agus Tuisceana maidir le cúrsaí Timpeallachta a thabhairt i bhfeidhm	An toradh is fónta is féidir ar chláir cistíochta a thabhairt i gcrích, lena n-áirítear: Clár an GCC maidir le Geilleagar Ciorclach, Deontas i gCoinne Bruscair agus i gCoinne Graifítí, Tionscnamh cur in aghaidh Dramhaíola.	Scéimeanna deontais a chur i bhfeidhm leis na bearta cuí rialachais i gcomhréir leis na Treoirlínte Cumarsáid idir rannóga agus le lucht na hearnála ionas go gcinntítear oiread éifeachtúlachta agus is féidir as na cláir oibre	Cuspóir 2: Cathair nuálach Cuspóir 4: Cathair sheasmhach inbhuanaithe	Aiseolas agus athbhreithniú maidir le toradh fónta ar thionscadail faoi leith. Feabhas ó thaobh glaineacht agus tarraingteacht Chathair na Gaillimhe go ginearálta agus aird níos mó ag an bpobal ar an ábhar.	E08 Pleanáil maidir le Bainistíocht Dramhaíola	Ar lean

		Dul chun cinn maidir lenar féidir a thabhairt i bhfeidhm faoin bPlean Náisiúnta maidir le Bainistíocht Dramhaíola ar mhaithe leis an nGeilleagar Ciorclach 2023-2029 le hoideachas agus cothú tuisceana faoi phríomhbhearta an phlean.	Feachtais a rith maidir leis na bearta is tábhachtaí sa phlean ar mhaithe le haird agus tuiscint. Cuidiú leis an cur i bhfeidhm maidir leis na príomhthorthaí is féidir a thabhairt i gcrích 23. Dlúthchuid a dhéanamh de phrionsabail na comhúinéireachta nuair a bhítear ag plé le deacrachtaí roimh an aistriú go dtí geilleagar ciorclach. Nasc a cheangal idir aon bheart oibre faoin bplean a bhaineann freisin le bearta faoi Phlean Gníomhaíochta CCG maidir leis an Athrú Aeráide.	Cuspóir 4: Cathair sheasmhach inbhuanaithe Cuspóir 5: Cathair a fhónann don tsláinte agus don fholláine	Spriocanna an fheachtais a thabhairt i gcrích trí thionchar a imirt ar ídiú inbhuanaithe agus cruthú dramhaíola a sheachaint.	E08 Pleanáil maidir le Bainistíocht Dramhaíola	Ar lean

Tagairt:	Na Príomhseirbhísí	Aidhm / Príomhbhearta Seirbhíse	Straitéis Déanamh Seirbhíse	Sprioc Ardleibhéil san PÁEP	Caighdeán Feidhmíochta	Rannóg Buiséid	Tráthchlár
		-Deontais Fóntais	Aird a dhíriú ar an scéim deontais ar na meáin shóisialta agus ar na meáin chumarsáide, fógra a chur chuig grúpaí áitritheoirí áitiúla agus caidreamh a chothú leo	Cuspóir 3: Cathair cothromaíochta agus lánpháirtíochta Cuspóir 5: Cathair a fhónann don tsláinte agus don fholláine	Feabhas maidir le glaineacht agus tarraingteacht Chathair na Gaillimhe go ginearálta agus ardú ar líon na n-iarratas ar chistiúchán ó dhaoine den phobal.	E08 Pleanáil maidir le Bainistíocht Dramhaíola	Ar lean
CS2	Riarachán Corparáide	Pleananna Bliantúla Soláthair Seirbhíse réalaíocha agus inbhainte a fhorbairt a bhfuil nasc intreach acu leis an bpróiseas bliantúil buiséadach.	Freastal do chruinnithe tras-rannacha go rialta d'fhonn comhordú a dhéanamh ar bhearta pleanála agus buiséid. Rannóga a spreagadh le hacmhainní a chur i gcomhar agus oibriú in éineacht ar mhaithe le haidhmeanna gaolmhara a thabhairt i gcrích. Bearta athbhreithniúcháin a rith maidir le dréachtphleananna seirbhíse i gcomórtas le réamh-mheastacháin buiséid agus leasú a dhéanamh de réir mar is gá ionas go gcinntítear go bhfuil na pleananna stuama agus indéanta maidir leis na srianta airgeadais atá i bhfeidhm. Na pleananna agus na buiséid a ghabhann leo a chur in iúl go soiléir do na geallsealbhóirí uilig ionas go gcinntítear follasacht ina leith.	Cuspóir 5: Cathair a fhónann don tsláinte agus don fholláine Cuspóir 3: Cathair cothromaíocht agus lánpháirtíocht	Is ceart Pleananna Bliantúla Seachadadh Seirbhísí a leagan amach i gcomhréir leis na cuspóirí eagrúcháin ionas go mbíonn siad stuama, indéanta agus ceangailte go díreach le próiseas bliantúil an bhuiséid. An plean deiridh a chur faoi bhráid de réir na spriocdhátaí faoin reachtaíocht agus a aontú ag na geallsealbhóirí lena mbaineann sa chaoi is gur léir comhtháthú dian ar phleanáil airgeadais agus eagrúcháin.	H - Seirbhísí Ilghnéitheacha	I gcomhréir le coinníollacha na reachtaíochta

			Meastóireacht thráthrialta a chinntiú ionas go gcoinnítear na pleananna de réir sceidil agus leasú a dhéanamh de réir mar is gá Athbhreithniú a dhéanamh ag ceann na bliana airgeadais ar ghnéithe fónta agus réimsí deacrachta maidir leis an bpróiseas pleanála agus buiséid d'fhonn caomhchóiriú a thabhairt ar bheartaíocht comhréire maidir le cúrsaí pleanála agus buiséid.				

Tagairt:	Na Príomhsheirbhísí	Aidhm / Príomhbhearta Seirbhíse	Straitéis Déanamh Seirbhíse	Sprioc Ardleibhéil san PÁEP	Caighdeán Feidhmíochta	Rannóg Buiséid	Tráthchlár
CS3	Riarachán Corparáide	Nuashonruithe ar dhul chun cinn a sholáthar trí Thuarascáil Bhainistíochta an Phríomhfheidhmean naigh leis an gComhairle, anuas ar thuarascálacha agus ar nuashonruithe eile.	Freastal do sheirbhísí taca a chur ar fáil do chruinnithe coistí inmheánacha, lena n-áirítear an Chomhairle Iomlánach, an Grúpa Beartais Corparáide, an Coiste Beartais Straitéiseach (CBS) maidir le Forbairt Corparáide, an Coiste Nós Imeachta agus na Coistí Ceantair. Comhthiomsú a dhéanamh ar thuairiscí faoi dhul chun cinn agus sonraí ó na rannóga agus na meithle le tuairiscí tráthrialta faoi phríomhtháscairí feidhmíochta (PTF), marcanna suntasacha agus tuairiscí nuachta faoi na haidhmeanna straitéise. Déileáil le haiseolas ón gComhairle agus moltaí a thabhairt san áireamh leis na sraitheanna	Cuspóir 5: Cathair a fhónann don tsláinte agus don fholláine Cuspóir 3: Cathair cothromaíocht a agus lánpháirtíocht a	A chinntiú go dtugtar tuairisc ar an dul chun cinn don Chomhairle go rialta agus go tráthúil sa Tuairisc Bainistíochta Ní mór eolas soiléir, cruinn, cuimsitheach sna tuairiscí seo faoi na príomhthionscadail, faoi thionscnaimh agus faoi shlata tomhais feidhmíochta. Déanfar tuarascálacha agus tuairiscí nuachta breise a ullmhú de réir mar is gá le déileáil le ceisteanna faoi leith nó le nithe tosaíochta a thagann chun cinn. Ní mór gach tuairisc a scríobh ar bhealach atá soiléir, gonta, sothuigthe a ligeann don Chomhairle cinntí lán eolais agus maoirseacht éifeachtúil a dhéanamh.	H - Seirbhísí Ilghnéitheacha	De réir na mBuanorduithe

			tuairiscithe ina dhiaidh sin ionas go gcinntítear follasacht agus cur in iúl éifeachtúil maidir leis an dul chun cinn.				

Tagairt:	Na Príomhsheirbhísí	Aidhm / Príomhbhearta Seirbhíse	Straitéis Déanamh Seirbhíse	Sprioc Ardleibhéil san PÁEP	Caighdeán Feidhmíochta	Rannóg Buiséid	Tráthchlár
CS4	Riarachán Corparáide	Cuntasacht iomlán a chur ar fáil gach bliain maidir le hobair an údaráis áitiúil tríd an Tuarascáil Bhliantúil, Tuarascáil an Choiste Iniúchóireachta, Seirbhís Iniúchóireachta an Rialtais Áitiúil neamhspleách, Táscairí Seirbhíse Náisiúnta agus trí thuarascálacha an Coiste Náisiúnta Maoirseachta agus Iniúchóireachta.	Sonraí agus cuntais achoimre a thiomsú don Tuarascáil Bhliantúil maidir leis na príomhbhearta atá curtha i gcrích, na príomhchonstaicí agus feidhmíocht airgeadais na bliana. A chinntiú go ndéantar tuairiscí a fhoilsiú go tráthúil agus a scaipeadh ar na geallsealbhóirí a bhaineann le hábhar. A chinntiú go gcuirtear cáipéisí iniúchóireachta faoi bhráid go tráthúil agus do dtugtar freagra maidir le haon tuairim nó ní eile a iarrtar agus go gcóirítear tuairiscí agus moltaí ón gCoiste Náisiúnta Maoirseachta agus Iniúchóireachta leis na cáipéisí cuntasachta. Athbhreithniú a dhéanamh ar thuairimí	Cuspóir 5: Cathair a fhónann don tsláinte agus don fholláine Cuspóir 3: Cathair cothromaíocht agus lánpháirtíocht a	Tuarascáil Bhliantúil mhionsonraithe a ullmhú agus a fhoilsiú de réir spriocdháta na reachtaíochta, ina dtugtar tuairisc ar na príomhbhearta a cuireadh i gcrích, torthaí airgeadais agus toradh an tsaothair maidir le seirbhísí. A chinntiú go mbíonn an tuarascáil cruinn, sothuigthe agus ag teacht leis an reachtaíocht agus na treoirlínte beartais. Freastal d'iniúchóireacht thráthúil fhollasach arna dhéanamh ag SIRÁ agus do dhéileáil le gach toradh ar an obair sin agus bhearta a chur i gcrích de réir mar a mholtar. An fheidhmíocht a mheas i gcomórtas leis na Táscairí Náisiúnta Seirbhíse, tuairisc a thabhairt ar thorthaí feidhme sa Tuarascáil Bhliantúil agus léiriú a thabhairt ar an dul chun cinn agus ar bhearta coigeartaithe de réir mar is gá. Freagraí cuimsitheacha a thabhairt maidir le moltaí CNMI agus a léiriú go mbítear i gcomhréir leis an dea-chleachtas maidir le cúrsaí rialachais agus déanamh seirbhíse. Tráthúlacht, cruinneas,	H - Seirbhísí Ilghnéitheacha	I gcomhréir le coinníollacha na reachtaíochta

			ó iniúchóirí agus ó choistí agus bearta chun feabhais a bheith ina ndlúthchuid den phleanáil ar obair as sin amach ionas go gcinntítear follasacht agus cuntasacht lánchuimsitheach maidir le hobair an údaráis áitiúil.		follasacht agus comhlíonadh a bheidh de bhunphrionsabail le gach dícheall tuairiscithe agus cuntasachta agus toradh suntasach chun feabhais ina bhunghné den tuarascáil dár gcionn.		

Tagairt:	Na Príomhsheirbhísí	Aidhm / Príomhbhearta Seirbhíse	Straitéis Déanamh Seirbhíse	Sprioc Ardleibhéil san PÁEP	Caighdeán Feidhmíochta	Rannóg Buiséid	Tráthchlár
CS5	Rialachas	Bearta rialála agus gnáis oibre inmheánacha a chur i bhfeidhm lena chinntiú go gcloítear leis na caighdeáin maidir le cuntasacht agus luach ar airgead agus go sásaítear iad.	Réimsí soiléire cúraim agus cuntasachta a leagan ar dhaoine maidir le cinntí a dhéanamh agus bainistíocht airgeadais. Monatóireacht a dhéanamh agus a chinntiú go mbíonn polasaithe agus gnáis oibre dhochta i bhfeidhm maidir le ceadú buiséid, tuairisc a choinneáil ar chaiteachas agus tuairisciú airgeadais. Bearta iniúchóireachta inmheánacha agus seachtracha de réir sceidil d'fhonn an teacht leis na gnáis oibre a bhreithniú. Taifid oscailte a choinneáil ar idirbhearta airgeadais agus ar phróisis cinnteoireachta. Oiliúint a chur ar fáil don lucht foirne maidir le bearta rialála inmheánacha,	Cuspóir 5: Cathair a fhónann don tsláinte agus don fholláine	Córas cuimsitheach de bhearta rialála agus de ghnáis inmheánacha a chur ar bun agus a choinneáil i bhfeidhm ionas go gcothaítear cuntasacht go héifeachtúil agus go gcinntítear luach an airgid . Ba cheart go n-áireofaí leis na bearta rialála seo polasaithe i scríbhinn, soiléire maidir le tarmligean údaráis, agus monatóireacht rialta ar chúrsaí airgeadais agus feidhmíochta. Déanfar an cloí leis na bearta rialála inmheánacha a dhearbhú le hiniúchadh tráthrialta agus trí dhéileáil le haon easnamh de réir na dtráthchláir aontaithe. Cloí leis an leithroinnt buiséid chun feabhais maidir le héifeachtúlacht costais a léiriú gach bliain arna gcruthú leis na príomhtháscairí feidhmíochta (PTF) agus le torthaí iniúchóireachta. Ní mór gach próiseas a bheith i	H - Seirbhísí Ilghnéitheacha	I gcomhréir le coinníollacha na reachtaíochta

			cuntasacht agus an dea-chleachtas. Breithmheas a thabhairt go leanúnach ar na bearta rialála inmheánacha agus ar na gnáis oibre bunaithe ar thorthaí iniúchóireachta agus ar thuairimí ina leith.		gcomhréir leis an dlí, na rialacháin agus na caighdeáin eitice.”		

Tagairt:	Na Príomhsheirbhísí	Aidhm / Príomhbhearta Seirbhíse	Straitéis Déanamh Seirbhíse	Sprioc Ardleibhéil san PÁEP	Caighdeán Feidhmíochta	Rannóg Buiséid	Tráthchlár
CS6	Seirbhísí don Chustaiméir	Bunathrú Gnó trí Fheabhas ar an tSeirbhís don Chustaiméir	Athbhreithniú ar an obair maidir le seirbhís don chustaiméir d'fhonn réimsí easnaimh agus nithe is féidir a fheabhsú a thabhairt chun aire. Deiseanna maidir le seirbhís don chustaiméir a thabhairt isteach, mar shampla córais BCC nó tairseacha féinseirbhíse, d'fhonn feabhas a chur ar dhéanamh na seirbhíse agus a shimpliú agus a chomhtháthú ar fud na gcainéal éagsúil (fón, ríomhphost, láithreán gréasáin, meáin shóisialta). Oiliúint leanúnach a chur ar fáil do na meithle seirbhís don chustaiméir d'fhonn feabhas maidir le cumarsáid, fadhbanna a réiteach agus freagrúlacht. Suirbhéanna, grúpaí fócais nó modhanna eile aiseolais a eagrú go rialta d'fhonn monatóireacht leanúnach	Cuspóir 5: Cathair a fhónann don tsláinte agus don fholláine Cuspóir 3: Cathair cothromaíocht a agus lánpháirtíocht a	Seirbhís shármhaith a chur ar fáil don chustaiméir trí leas a bhaint as chora nua teicneolaíochta agus próisis chuíchóirithe ar mhaithe le feabhas maidir le freagrúlacht, éifeachtúlacht agus sástacht. A chinntiú go ndéantar gach beart idirghabhála le custaiméir a shocrú gan mhoill. Tuairimí na gcustaiméir a bhailiú go leanúnach agus beart a dhéanamh dá réir d'fhonn feabhas ar an tseirbhís a chur chun cinn agus í a chóiriú maidir le hathrú riachtanais	H - Seirbhísí Ilghnéitheacha	Ar lean

			a dhéanamh ar leibhéal sástachta na gcustaiméirí. Cultúr a chothú ar fud na heagraíochta trína dtugtar tús áite ar gach leibhéal den eagras dá mbíonn le taithí ag an gcustaiméir. An toradh a bhíonn ar athruithe a mheas go rialta agus tuairisc a thabhairt ar fheabhas ó thaobh leibhéal sástachta an chustaiméara agus éifeachtacht seirbhíse.				

Tagairt:	Na Príomhseirbhísí	Aidhm / Príomhbhearta Seirbhíse	Straitéis Déanamh Seirbhíse	Sprioc Ardleibhéil san PÁEP	Caighdeán Feidhmíochta	Rannóg Buiséid	Tráthchlár
CS7	Seirbhísí don Chustaim éir	A chinntiú go bhfreastalaíonn ár seirbhísí ar riachtanais chustaiméirí, go mbíonn siad inrochtana dó chách agus go mbíonn siad ar aon dul lenár nDualgas Earnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine.	Aiseolas a bhailiú ó réimse leathan custaiméirí d'fhonn a dteastaíonn uathu agus ar fearr leo a thabhairt chun aire. Athbhreithniú a dhéanamh faoin áisiúlacht fhisiciúil, dhigiteach agus cumarsáide ag gach duine a úsáideann seirbhísí, daoine atá faoi mhíchumas san áireamh, agus bearta feabhais a dhéanamh ina leith. Athbhreithniú a dhéanamh go rialta ar na seirbhísí ionas go gcinntítear go sásaítear an reachtaíocht faoi chúrsaí Comhionannais agus Cearta an Duine Oiliúint leanúnach a chur ar fáil don lucht foirne faoi na bunphrionsabail maidir le comhionannas, éagsúlacht, ionchuimsitheacht agus cearta an duine ionas go gcinntítear freastal go héifeachtúil do riachtanais an chustaiméara. Polasaithe a leasú ionas go gcinntítear ionchuimsitheacht agus an dea-chleachtas maidir le cúrsaí comhionannais agus cearta an duine ag rith leis na seirbhísí uilig.	Cuspóir 3: Cathair cothromaíochta agus lánpháirtíochta	Cuirfear seirbhísí ar fáil ar bhealach lena mbaineann díriú ar an gcustaiméir, lánpháirtíocht agus comhlíonadh dhualgas na hearnála poiblí maidir le comhionannas agus cearta an duine. Ní mór gach seirbhís a bheith áisiúil, dírithe ar riachtanais éagsúla custaiméirí agus i gcomhréir le dualgais faoin reachtaíocht maidir le comhionannas agus cearta an duine faoi mar a chruthaítear le haiseolas rialta, le hiniúchóireacht maidir le cúrsaí áisiúlachta agus trí chloí le measúnacht tionchair i ndáil le comhionannas.	H - Seirbhísí Ilghnéitheacha	Ar lean

			Comhpháirtíocht a chothú le grúpaí pobail, eagraíochtaí abhcóideachta agus geallsealbhóirí eile lena chinntiú go dtugtar aird ar riachtanais éagsúla i ndáil leis na seirbhísí. Cainéil fhollasacha a chur ar fáil ionas gur féidir le custaiméirí tuairimí nó ábhar gearáin a chur in iúl agus a chinntiú go dtugtar freagra cuimsitheach gan mhoill maidir le haon cheist a tharraingítear anuas.				

Tagairt:	Na Príomhseirbhísí	Aidhm / Príomhbhearta Seirbhíse	Straitéis Déanamh Seirbhíse	Sprioc Ardleibhéil san PÁEP	Caighdeán Feidhmíochta	Rannóg Buiséid	Tráthchlár
CS8	Seirbhísí don Chustaiméir	Cur i bhfeidhm agus athbhreithniú leanúnach ar an gCairt Chustaiméirí agus ar an gCód Iompair agus ar an bPlean Gníomhaíochta Seirbhísí do Chustaiméirí, ar aon dul leis na spriocanna a leagtar amach sa Straitéis Seirbhísí Ardchaighdeáin do Chustaiméirí. Tosófar leis an athbhreithniú ar an gCairt chun aghaidh a thabhairt ar éagsúlacht chustaiméirí na Comhairle agus a riachtanais faoi leith.	Na prionsabail a leagtar amach i gCairt an Chustaiméara a chur i bhfeidhm go seasta leanúnach d'fhonn sárfheabhas seirbhíse agus cuntasacht ina leith a chinntiú. Treisiú le cloí na foirne leis an gCód Iompair trí thionscnaimh oiliúna agus tuisceana a chur ar siúl go rialta. Tuairisc a choinneáil ar an dul chun cinn maidir le cuspóirí an Phlean Gníomhaíochta maidir le Seirbhís don Chustaiméir le hathbhreithniú agus leasú go tráthrialta. Túis a chur leis an athbhreithniú ar Chairt an Chustaiméara d'fhonn éagsúlacht chustaiméirí na Comhairle a thabhairt san áireamh agus a chinntiú go ndírítear ar riachtanais faoi leith trí chaidreamh le geallsealbhóirí agus bearta measúnachta maidir le tionchar ar chúrsaí comhionannais.	Cuspóir 5: Cathair a fhónann don tsláinte agus don fholláine Cuspóir 3: Cathair cothromaíochta agus lánpháirtíochta	Déanfar Cairt an Chustaiméara, an Cód Iompair agus an Plean Gníomhaíochta maidir le Seirbhís don Chustaiméir a chur i bhfeidhm chomh maith le hathbhreithniú rialta ina leith. Beidh tús áite maidir le leasú na Cairte ar chúrsaí ionchuimsitheachta agus ar dhíriú ar riachtanais éagsúla chustaiméirí na Comhairle agus tabharfar bearta leasaithe i bhfeidhm taobh istigh de na tráthchláir agus iad ag teacht faoi anáil an chaidrimh le geallsealbhóirí agus a gcuid tuairimí ina leith.	H - Seirbhísí Ilghnéitheacha	Ar lean

			Leas a bhaint as lón tuairimí ó chustaiméirí le cuíchóiriú a thabhairt ar an gCairt, ar an bPlean Gníomhaíochta agus ar ghnáis oibre i mbun seirbhísí a chur ar fáil.				

Tagairt:	Na Príomhseirbhísí	Aidhm / Príomhbhearta Seirbhíse	Straitéis Déanamh Seirbhíse	Sprioc Ardleibhéil san PÁEP	Caighdeán Feidhmíochta	Rannóg Buiséid	Tráthchlár
CS9	Áiseanna	Barr éifeachtúlachta a thabhairt i gcrích san obair bainistíochta agus cothabhála ar áiseanna na Comhairle, oifigí, iostaí agus saoráidí eile ina measc.	Monatóireacht agus athbhreithniú a dhéanamh maidir le riachtanas carrchlóis don fhoireann agus don chustaiméir. Fónamh do Chruinnithe Comhairle a reáchtáil. Polasaí Bainistíochta maidir le Cuairteoirí a chur i bhfeidhm. Bainistíocht maidir le conarthaí Corparáide. Bainistíocht maidir le Maolú ar Ídiú Fuinnimh agus Cruthú Dramhaíle. Cúnamh taca maidir le Bainistíocht Áiseanna a chur ar fáil.	Cuspóir 5: Cathair a fhónann don tsláinte agus don fholláine Cuspóir 3: Cathair cothromaíocht a agus lánpháirtíocht a	Bainistíocht éifeachtúil a dhéanamh maidir le cead isteach chuig spásanna páirceála poiblí/foirne ag Halla na Cathrach agus cúrsaí sábháilteachta ina leith. A chinntiú go mbíonn Seomra na Comhairle agus áiteanna eile cruinnithe oiriúnach don chuspóir. A chinntiú go gclóitear le dea-chleachtais nósanna imeachta i ndáil le hionad slán oibre agus ionad poiblí a choinneáil ar fáil. Leanúint de rialtacht agus de bhainistíocht maidir le conarthaí seirbhísí taca i gcomhréir leis na treoirlínte soláthair. Bainistíocht maidir le seirbhísí taca agus seirbhísí cothabhála i gcomhréir le coinníollacha na reachtaíochta. Monatóireacht maidir le hídiú Fuinnimh agus cruthú Dramhaíle agus bearta éifeachtachta a chur i bhfeidhm/a spreagadh.		Ar siúl agus i gcomhréir le coinníollacha na reachtaíochta

					Bainistíocht ar áiseanna a chur ar fáil trí chúnamh taca Helpdesk. Soláthar do Sheirbhís Doirseora ar fud na n-oifigí uilig.		

Tagairt:	Na Príomhsheirbhísí	Aidhm / Príomhbhearta Seirbhíse	Straitéis Déanamh Seirbhíse	Sprioc Ardleibhéil san PÁEP	Caighdeán Feidhmíochta	Rannóg Buiséid	Tráthchlár
CS10	Clár na dToghthóirí/ Ceart Vótála	Clár na dToghthóirí a bhainistiú agus cothabháil a dhéanamh air.	A chinntiú go ndéantar Clár na dToghthóirí a leasú gan mhoill trí shonraí a bhailiú go leanúnach, canbhasáil a dhéanamh go rialta ar áitritheoirí agus athruithe a chur i bhfeidhm mar gheall ar athrú áitribh, bás nó athrú eile stádais a bhaineann le hábhar. Soláthar do mhodhanna clárúcháin atá simplí áisiúil a chur ar fáil, roghanna maidir le hardáin ar líne, foirmeacha ar an bpost, nó clárú ar an láthair san áireamh ionas go gcinntítear freastal ar gach toghthóir incháilithe. Modhanna dochta deimhniú sonraí a chur i bhfeidhm ar mhaithe le cruinneas, mar shampla crostagairt le bunachair sonraí oifigiúla eile agus iniúchadh go tráthrialta. Feachtais caidrimh a rith leis an saoránach a chur ar an eolas faoi spriocdhátaí clárúcháin, faoin gceart vótála, agus faoin tábhacht atá le mionsonraí a choinneáil cothrom le haimsir. A chinntiú go gcoinnítear an clár i gcomhréir lena leagtar síos i reachtaíocht na tíre agus go ndéantar foráil do láimhseáil shlán fhollasach ar fhaisnéis na dtoghthóirí.	Cuspóir 5: Cathair a fhónann don tsláinte agus don fholláine Cuspóir 3: Cathair cothromaíocht a agus lánpháirtíocht	Déanfar Clár na dToghthóirí a choinneáil agus a leasú go cruinn pointeáilte ionas go gcinntítear gach toghthóir incháilithe a thabhairt san áireamh. Déanfar seiceáil go rialta d'fhonn iontaofacht na sonraí a dhearbhú agus déanfar próiseáil ar aon athrú, mar shampla, daoine nua a chur ar an gclár nó daoine a bhaint de i gcomhréir le coinníollacha na reachtaíochta. Ní mór an clár a chur ar fáil lena scrúdú ag an bpobal agus é a bheith incheadaithe go tráthúil, ionas go	H - Seirbhísí Ilghnéitheacha	Ar lean

			Cúnamh taca eile a thabhairt go sonrach a chuidíonn le dreamanna tearcionadaíochta a d'fhéadfadh a bheith i mbaol, mar shampla daoine atá faoi mhíchumas nó a bhfuil constaic teanga le sárú acu, clárú agus fanacht ar Chlár na dToghthóirí. A chinntiú go mbíonn Clár na dToghthóirí ar fáil lena scrúdú ag an bpobal go tráthúil agus go háisiúil ag an uile dhuine.		gcinntítear follasacht agus cruinneas ina leith an t-am ar fad.		

Tagairt:	Na Príomhsheirbhísí	Aidhm / Príomhbhearta Seirbhíse	Straitéis Déanamh Seirbhíse	Sprioc Ardleibhéil san PÁEP	Caighdeán Feidhmíochta	Rannóg Buiséid	Tráthchlár
CS11	Éilimh maidir le Dliteanas Poiblí	Cur chuige bunaithe ar shonraí a thabhairt i dtreis i ndáil le héilimh maidir le dliteanas poiblí. Leas a bhaint as sonraí geoshuímh le forléargas a chruthú agus treisiú le cur chuige forghníomhach i leith éilimh. Cur leis an eolas ar shócmhainní na Comhairle.	Sonraí a bhailiú ó CPÉ agus taobh istigh de CCG d'fhonn freastal don úsáid as sonraí geoshuímh i ndáil le mapáil ar réimsí deacrachta. Caidreamh le heastáit maidir le sócmhainní. Seisiúin eolais a chur le chéile le cainteoirí CPÉ agus iad cóirithe le fónamh do gach brainse faoi leith. Na cáipéisí is gá a bhailiú le chéile a chuideoidh leis an teicneoir a cuid tuarascálacha a chur ar fáil.	Cuspóir 5: Cathair a fhónann don tsláinte agus don fholláine	A chinntiú go ndéantar monatóireacht ar na cuspóirí maidir lena dtabhairt i bhfeidhm & aon chás iomraill a chur faoi bhráid dhaoine níos sinsearaí ionas go gcinntítear tráthchláir a shásamh gach ráithe.		R1 - plean maidir leis na cuspóirí a thabhairt i gcrích R2 - dul chun cinn maidir leis na cuspóirí a thabhairt i gcrích R3 Cuspóirí tugtha i gcrích 50% ní níos mó

		Caidreamh le CPÉ maidir le seisiúin oiliúna a chur ar fáil do bhaill foirne CCG. Caidreamh leis na brainsí d'fhonn eolas a chinntiú go luath agus taisce cáipéisí a thiomsú arb é toradh a bheidh orthu go n-eisítear tuairiscí teicniúla ar chaighdeán níos fearr.					R4 Na cuspóirí tugtha i gcrích agus curtha i bhfeidhm go hiomlán faoi dheireadh mhí na Samhna/tús mhí na Nollag 2025

Taga irt:	Na Príomhsheirbhísí	Aidhm / Príomhbhearta Seirbhíse	Straitéis Déanamh Seirbhíse	Sprioc Ardleibhéil san PÁEP	Caighdeán Feidhmíochta	Rannóg Buiséid	Tráthchlár
CS12	Gaeilge	Ár bhfís do Ghaillimh mar chathair dhátheangach a thabhairt chun cinn tríd an 4ú Plean Teanga/Scéim Teanga agus Acht na dTeangacha Oifigiúla (2003) a chur i bhfeidhm agus i gcomhar le páirtithe leasmhara ábhartha agus leanúint le feabhas a chur ar ár n-acmhainn seirbhísí a sholáthar trí Ghaeilge, ar infheictheacht na Gaeilge agus chun úsáid na Gaeilge a chur chun cinn.	Monatóireacht agus cur i bhfeidhm maidir leis na spriocanna faoin reachtaíocht d'fhógraíocht trí Ghaeilge Monatóireacht ar an gcumas Gaeilge ag daoine sa Chomhairle, feabhsú cumais a chur chun cinn Monatóireacht agus barrfheabhsú ar thoradh na hoibre ó Sheirbhísí Aistriúcháin Sraith TikTok a chruthú faoin ainm Gaillimh Dúrúnta le foilsiú i dtús na bliana 2025 Obair lárnach a dhéanamh taobh istigh den mheitheal Cumarsáide, ábhar bolscaireachta agus fógraí teilifíse Gaeilge a chruthú Cuidiú le comhghleacaithe sa Chomhairle seirbhísí a chur ar fáil trí Ghaeilge	Cuspóir 3: Cathair cothromaíocht agus lánpháirtíocht	Tá de chuspóir againn go dtiocfadh athrú ar bhreith Fháilte Éireann nach fíor go baileach gur cathair í Gaillimh a mbeadh le brath ar a bhfuil le feiceáil inti gur cathair dhátheangach í.		Ar lean: tá an spriocdháta maidir le gach beart cumarsáide a bheith i nGaeilge nó i nGaeilge agus i mBéarla caite ón 22 Nollaig 2024 agus Alt 9E tagtha i bhfeidhm ionas gur i nGaeilge nó i nGaeilge agus i mBéarla a bheidh an chumarsáid phoiblí uilig a dhéanann comhlachtaí poiblí nó a dhéantar thar ceann comhlachtaí poiblí.

Tagairt:	Na Príomhsheirbhísí	Aidhm / Príomhbhearta Seirbhíse	Straitéis Déanamh Seirbhíse	Sprioc Ardleibhéil san PÁEP	Caighdeán Feidhmíochta	Rannóg Buiséid	Tráthchlár
CS13	Bainistíocht Cartlainne & Taifead	Leanúint den ualach taifid ar páipéar a mhaolú agus an Chomhairle ag ullmhú don athrú go Cearnóg Crown. Na taifid dhigiteacha a thabhairt chun cinn & straitéis maidir le taifid dhigiteacha ag CCG a chur i bhfeidhm	Cuidiú leis na brainsí maidir le teastais scriosta & líon na dtaifead páipéir i CCG a ísliú. Polasaí digiteach a leagan amach le gnáis chaighdeánacha a chuirfear i bhfeidhm i ngach brainse faoi seach. Córas digiteacha a leagan amach do thaifid CCG	Cuspóir 1: Réigiún cruthaitheachta cathrach de scoth an domhain	Beidh aidhmeanna le gach cuspóir a chaithfear a thabhairt i gcrích. Trí na haidhmeanna sin a thabhairt i gcrích, cinnteofar go laghdaítear toirt na dtaifead páipéir agus go ndéantar an t-athrú go dtí taifid dhigiteacha a chur i bhfeidhm go críochnúil éifeachtach		R1 - plean maidir leis na cuspóirí a thabhairt i gcrích R2 - dul chun cinn maidir leis na cuspóirí a thabhairt i gcrích R3 Cuspóirí tugtha i gcrích 50% ní níos mó R4 Na cuspóirí tugtha i gcrích agus curtha i bhfeidhm go hiomlán faoi dheireadh mhí na Samhna/tús mhí na Nollag 2025

Tagairt:	Na Príomhsheirbhísí	Aidhm / Príomhbhearta Seirbhíse	Straitéis Déanamh Seirbhíse	Sprioc Ardleibhéil san PÁEP	Caighdeán Feidhmíochta	Rannóg Buiséid	Tráthchlár
CS14	Cúrsaí Cumarsáide	Tacú lenár bhfoireann tabhairt faoi chumarsáid éifeachtach a dhéanamh lenár bpáirtithe leasmhara inmheánacha agus seachtracha éagsúla, i measc réimse cainéal – tacú le rochtain ar sheirbhísí, ar fhaisnéis agus ar phlé cóir leis an údarás áitiúil, ar bhealach tráthúil.	Polasaí agus acmhainní a fhorbairt. Treisiú leis an gcomhairliúchán poiblí, le margaíocht agus le cumarsáid ar fud na heagraíochta/ngeallsealbhóirí. Cúrsaí Brandála Oifig Preasa/ Caidreamh leis na Meáin Bainistíocht ar na Meáin Shóisialta Ábhar Digiteach a fhorbairt Bainistíocht CP Oiliúint maidir le scileanna cumarsáide agus meáin chumarsáide ar an bhfoireann Cumarsáid tráth Mórchásanna Éigeandála/ Drochaimsire	Cuspóir 1: Réigiún cruthaitheachta cathrach de scoth an domhain. Cuspóir 2: Cathair nuálach. Cuspóir 3: Cathair cothromaíochta agus lánpháirtíochta. Cuspóir 4: Cathair sheasmhach inbhuanaithe. Cuspóir 5: Cathair a fhónann don tsláinte agus don fholláine.	Forbairt agus leasú a dhéanamh ar an bpolasaí agus ar acmhainní de réir mar is gá, mar shampla Treoir Stíle, Polasaí maidir leis na Meáin Shóisialta. Treisiú leis an gcomhairliúchán poiblí, le margaíocht agus le cumarsáid ar fud na heagraíochta/ ngeallsealbhóirí. Monatóireacht maidir le Treoirlínte Brandála Chathair na Gaillimhe agus aird a chothú orthu Bainistíocht maidir le fiosrúchán ó na meáin chumarsáide. Bainistíocht ar chuntais na meán sóisialta ar fud na n-ardán éagsúil. Fónamh d'ábhar digiteach, ábhar grafaice, físeáin agus grianghrafadóireacht san áireamh, a fhorbairt. Bainistíocht maidir le preasráitis.	H - Seirbhísí Ilghnéitheacha	Ar lean

					Oiliúint, go hinmheánach agus go seachtrach, maidir le scileanna cumarsáide agus meáin chumarsáide a thabhairt i gcrích Cumarsáid tráth mórchásanna éigeandála/ drochaimsire a chur ar fáil		

Tagairt:	Na Príomhsheirbhísí	Aidhm / Príomhbhearta Seirbhíse	Straitéis Déanamh Seirbhíse	Sprioc Ardleibhéil san PÁEP	Caighdeán Feidhmíochta	Rannóg Buiséid	Tráthchlár
CS15	Sláinte & Sábháilteacht	Sábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair – leanúint le cód sábháilteachta, sláinte agus leasa a chur i bhfeidhm mar phríomhthosaíocht laistigh de Chomhairle Cathrach na Gaillimhe.	Sábháilteacht, Sláinte agus Leas na bhfostaithe uilig a chur chun cinn agus a neartú trí Chóras Bainistíochta Sábháilteachta a chur i bhfeidhm ar fud na heagraíochta. A chinntiú go sásaítear coinníollacha uile an Achta um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005 agus na Rialachán arna ndéanamh faoina scáth.	Cuspóir 5: Cathair a fhónann don tsláinte agus don fholláine	Bunchúrsa maidir le Sábháilteacht Foirne & Teagasc Bliantúil Sláinte & Sábháilteacht leis an bPolasaí Sláinte & Sábháilteachta a chur i láthair. Comhairliúchán Sábháilteachta go rialta leis na hIonadaithe Sábháilteachta agus le coistí Bainistíochta d'fhonn Polasaithe Sláinte & Sábháilteachta, Measúnacht Baoil agus Pleananna do Chásanna Éigeandála a leagan amach agus a bhreithniú. Clár docht maidir le Cigireacht & Iniúchadh Sábháilteachta ar fud na heagraíochta & tuairisc á choinneáil ar Chlár Réimsí Baoil (S&B). Tuairisciú & fiosrú maidir le tionóiscí agus bearta chun feabhais lena dtarlú in athuair a sheachaint. An reachtaíocht & polasaithe maidir le Sláinte & Sábháilteacht a shásamh. An cháipéisíocht maidir le cúrsaí Sábháilteachta a éilítear faoin reachtaíocht a choinneáil chomh maith le Measúnacht ar Réimsí Baoil, Pleananna Éigeandála, Tuairiscí Oiliúna, Pleananna Sláinte & Sábháilteachta &	ZHR00016 Oiliúint Sláinte & Sábháilteachta	Ar lean

					deimhniú innealra. Treisiú leis an úsáid as an Aip ProWork maidir le gach beart den obair chothabhála & den obair thógála i CCG. Feidhmchlár nua maidir le Cumas Conraitheoirí a thabhairt isteach agus a chur i bhfeidhm go dlúth maidir le gach conraitheoirí dá n-úsáideann CCG. Tuairiscí bainistíochta go rialta chomh maith le cruinnithe leis an gCoiste Monatóireachta maidir le Cúrsaí Sábháilteachta.		

Tagairt:	Na Príomhseirbhísí	Aidhm / Príomhbhearta Seirbhíse	Straitéis Déanamh Seirbhíse	Sprioc Ardleibhéil san PÁEP	Caighdeán Feidhmíochta	Rannóg Buiséid	Tráthchlár
CS16	Riarachán Corparáide	Dícheall a dhéanamh an dámhachtain 'Dámhachtain um Fheabhas sa Rialtas Áitiúil' a bhaint amach	Cultúr ar mhaithe le feabhas leanúnach a chothú trí athbhreithniú rialta ar chúrsaí feidhmíochta agus ar thuairimí na gcustaiméirí agus trí chomórtas tagartha leis an dea-chleachtas sa rialtas áitiúil. Tús áite a thabhairt do riachtanais dhreamanna den phobal agus ar gheallsealbhóirí trí fheabhas ó thaobh áisiúlachta, luathbheartaíochta agus sástachta a chur ar an tseirbhís le próisis chuíchóirithe agus le cumarsáid le héifeacht. Gnéithe teicneolaíochta agus modhanna oibre den nuáil a chur chun cinn ar mhaithe le feabhas ó thaobh dhéanamh na seirbhíse an tráth céanna a gcinntítear éifeachtúlacht ó thaobh costais agus cúrsaí oibriúcháin. Infheistíocht maidir le hoiliúint na foirne agus forbairt ghairmiúil ionas go gcruthaítear lucht saothair atá ardoilte, díograiseach agus dírithe ar an gcustaiméir. Ardleibhéal cuntasachta agus follasachta a chinntiú maidir le cinntí a dhéanamh, bainistíocht airgeadais agus tuairisciú.	Cuspóir 5: Cathair a fhónann don tsláinte agus don fholláine Cuspóir 3: Cathair cothromaíocht a agus lánpháirtíocht a	Féachaint leis na critéir a shásamh nó a shárú a ghabhann leis an ndámhachtain um 'Fheabhas sa Rialtas Áitiúil' trí sheirbhísí ar ardchaighdeán a chur ar fáil go seasta leanúnach, nuálaíocht a dhéanamh, breis éifeachtúlacht a a chothú, agus cloí leis na caighdeáin rialachais is airde. Ba cheart cruthúnas ar a dtugtar i bhfeidhm a léiriú le slata tomhais		Ar lean

			Oibriú i gcomhar le heagraíochtaí áitiúla, gnólachtaí agus grúpaí pobail d'fhonn feabhas ar an tseirbhís a chuirtear ar fáil agus dea-bhail an phobail a chur chun cinn. Súil a choinneáil go rialta ar an dul chun cinn i gcomórtas leis na príomhtháscairí feidhmíochta agus le critéir an ghradaim agus leasú a dhéanamh de réir mar is gá ionas go gcinntítear sárfheidhmiú go leanúnach.		feidhmíochta, tuairimí na ngeallsealbhóirí, agus a theacht go caomh le prionsabail thábhachtacha an ghradaim, le dícheall leanúnach déanamh na seirbhíse agus toradh na seirbhíse don phobal a fheabhsú.		

Tagairt:	Na Príomhseirbhísí	Aidhm / Príomhbhearta Seirbhíse	Straitéis Déanamh Seirbhíse	Sprioc Ardleibhéil san PÁEP	Caighdeán Feidhmíochta	Rannóg Buiséid	Tráthchlár
CS17	Riarachán Corparáide	Breis barainneachta agus éifeachtúlachta a thabhairt i gcrích trí oibriú le húdaráis áitiúla eile agus le gníomhaireachtaí eile ar thionscnaimh maidir le seirbhísí i gcomhar.	D'fhonn barainneacht agus éifeachtúlacht breise a thabhairt i gcrích, oibreofar i gcomhar leis na húdaráis áitiúla is gaire agus leis na gníomhaireachtaí cuí le tograí seirbhísí comhroinnte a thabhairt chun suntais agus a chur i bhfeidhm. Beidh pleanáil i gcomhar, acmhainní a chur i bpáirt agus leas a bhaint as saineolas na n-eagraíochtaí éagsúla i gceist leis sin d'fhonn cuíchóiriú a chur ar mhodhanna oibriúcháin, costas a mhaolú agus cur le caighdeán na seirbhíse. Cinnteofar an éifeachtúlacht le hathbhreithniú rialta ar thorthaí feidhme agus ar chúrsaí comhpháirtíochta agus scrúdófar deiseanna breise oibriú i gcomhar ionas go mbaintear an tairbhe is fearr is féidir as an airgead.	Cuspóir 5: Cathair a fhónann don tsláinte agus don fholláine Cuspóir 3: Cathair cothromaíochta agus lánpháirtíochta	Tabharfar breis éifeachtúlachta agus maolú costais i gcrích trí chomhar comhpháirteach a chothú le húdaráis áitiúla eile agus le gníomhaireachtaí eile. Ní mór breithmheastóireacht a dhéanamh go tráthrialta ar na seirbhísí comhroinnte i ndáil le gnéithe éifeachtúlachta, i ndáil le spriocanna soiléire feidhmíochta agus torthaí intomhaiste, ionas go gcinntítear na seirbhísí a chur ar fáil ar an gcostas is fearr gan aon ísliú caighdeáin ná haon dochar d'áisiúlacht na seirbhísí.		Ar lean

14.2 **Teicneolaíocht an Eolais agus na Cumarsáide (TEC)**

Aidhm Straitéise: Bunathrú a chur ar an mbealach a ndéanann daoine caidreamh agus gnó le Comhairle Cathrach na Gaillimhe trí 90% de na seirbhísí a bhaineann le hábhar a chur ar fáil go digiteach, ar aon dul le Straitéis Dhigiteach agus TEC an Rialtais Áitiúil in Éirinn 2030, Rialtas Áitiúil Digiteach: Oibriú don Uile Dhuine agus Cónascadh Rialtais 2030 – Straitéis Dhigiteach don tSeirbhís Phoiblí.

Tá buntábhacht le TEC maidir le seirbhísí nua-aimseartha rialtais áitiúil a chur ar fáil, gnéithe nua-aimseartha teicneolaíochta san ionad oibre agus córais nua a chur i bhfeidhm trína dtugtar feabhas ó thaobh críochnúlachta agus éifeachtachta ar thoradh saothair fhoireann na Comhairle i gcrích.

Tagairt:	Na Príomhsheirbhísí	Aidhm / Príomhbhearta Seirbhíse	Straitéis Déanamh Seirbhíse	Sprioc Ardleibhéil san PÁEP	Caighdeán Feidhmíochta	Rannóg Buiséid	Tráthchlár

ICT1	Bunathrú Digiteach	Bunathrú a chur ar an mbealach a ndéanann daoine caidreamh agus gnó le Comhairle Cathrach na Gaillimhe trí 90% de na seirbhísí a bhaineann le hábhar faoin mbliain 2030. Teacht áisiúil ar sheirbhísí digiteacha rialtais áitiúil a chur ar fáil agus daoine a spreagadh le leas a bhaint as na seirbhísí sin trí fheabhas ó thaobh comhsheasmhacht agus trí dhíriú ar riachtanais na ndaoine nuair a bhíonn seirbhísí den sórt sin á leagan amach.	Straitéis Dhigiteach agus TEC an Rialtais Áitiúil in Éirinn 2024-2030; Rialtas Digiteach 2030	Cuspóirí 2, 3 & 4	Ardán digiteach don bhainistíocht ar an gcaidreamh le custaiméirí (BCC) a sholáthar agus a fhorbairt maidir le Bainistíocht Cáis agus Seirbhísí Allamuigh i rith na bliana 2025 ionas go bhfeabhsaíonn an caidreamh leis an gcustaiméir agus an acmhainn tuairisc a thabhairt go digiteach ar fhadhbanna. A chur ar chumas lucht foirne inmheánach na Comhairle bainistíocht a dhéanamh ar chásanna seirbhíse don chustaiméir agus a ndéanamh a chur i leith mheithle seirbhíse allamuigh An córas teileafóin iomlán a aistriú go dtí ardán Microsoft ionas gur féidir a chomhtháthú leis an gcóras BCC Gnéithe teicneolaíochta agus modhanna oibre den nuáil a chur chun cinn ar mhaithe le feabhas ó thaobh dhéanamh na seirbhíse an tráth céanna a gcinntítear éifeachtúlacht ó thaobh costais agus cúrsaí oibriúcháin.	J03	2-48 mí

Tagairt:	Na Príomhsheirbhísí	Aidhm / Príomhbhearta Seirbhíse	Straitéis Déanamh Seirbhíse	Sprioc Ardleibhéil san PÁEP	Caighdeán Feidhmíochta	Rannóg Buiséid	Tráthchlár
ICT2	Córas Slán Iontaofa TEC	Fónamh don eagraíocht i mbun déanamh seirbhísí trí chóras teicneolaíochta agus cumarsáide atá slán seasmhach a chur ar fáil Feabhas a chur go leanúnach ar an gcóras teicneolaíochta ionas go gcinntítear go mbíonn sonraí agus taifid slán agus sin trí chloí le prionsabail rochtana an údaráis is ísle an tráth céanna a mbíonn teacht go háisiúil air agus seasamh tréan ann in aghaidh éaradh seirbhíse. Leanúint de réitigh néalbhunaithe a chur ar fáil, le bainistiú, rochtain agus cosaint faisnéise inmheánach agus sheachtrach araon a fheabhsú.	Straitéis Dhigiteach agus TEC an Rialtais Áitiúil in Éirinn 2024-2030; Rialtas Digiteach 2030; Treoirlínte an LNCS; Creat Slándála agus Faisnéise NIS2	Cuspóirí 2 & 4	Am Feidhme 99.95% ar fud na gcóras agus na n-ardán uilig Sprioc 5 nóim. maidir le Teacht ó Chás Tubaiste i ndáil leis an mbunchóras lárnach (líonra, fearann, freastalaithe comhaid, freastalaithe feidhmchláir, bunachair sonraí) Sábháil shonrach fuinnimh maidir le bunchóras hipeartháite	J03	Ar lean
ICT3	Idirlíon/ Inlíon	Gnéithe de theicneolaíocht an ghréasáin a fheidhmiú maidir le heolas a chur ar fáil do shaoránaigh na cathrach agus sonraí a bhailiú uathu chomh maith le hardán comhchaidrimh ag na fostaithe	Straitéis Dhigiteach agus TEC an Rialtais Áitiúil in Éirinn 2024-2030; Rialtas Digiteach 2030	Cuspóirí 2, 3 & 4	Ardán áisiúil gréasáin a chur ar fáil ionas gur féidir le daoine den fhoireann eagarthóireacht a dhéanamh iad féin ar mhíreanna nuachta agus ar fhaisnéis na rannóige ionas gur féidir na saoránaigh a chur ar an eolas go	J03	Ar lean

					tráthúil Ardáin lena ndéantar bailiú sonraí a chur ar fáil d’iarratais ar líne		

Tagairt:	Na Príomhseirbhísí	Aidhm / Príomhbhearta Seirbhíse	Straitéis Déanamh Seirbhíse	Sprioc Ardleibhéil san PÁEP	Caighdeán Feidhmíochta	Rannóg Buiséid	Tráthchlár
ICT4	Tacaíocht Theicniúil d'Fhostaithe	An teicneolaíocht, na gairis agus na scileanna a chur ar fáil don uile bhall foirne a theastaíonn le hoibriú le chéile go digiteach.	Straitéis Dhigiteach agus TEC an Rialtais Áitiúil in Éirinn 2024-2030; Rialtas Digiteach 2030	Cuspóir 2	Ardán inmheánach don deasc cúnta a chur ar fáil ionas gur féidir gach ceist maidir le cúrsaí TEC a chur ansin. A chinntiú go dtarlaíonn gach iarratas agus ceist a réiteach go sásúil taobh istigh den tréimhse atá aontaithe (de réir práinn agus géire an cháis) A chinntiú go mbíonn an teicneolaíocht, na gairis agus na scileanna ar fáil ag gach duine den fhoireann a theastaíonn le hoibriú le próisis dhigiteacha oibre agus le tairseacha custaiméirí	J03	Ar lean
ICT5	Cúnamh taca maidir le Feidhmchláir Oibre	Feabhas ó thaobh éifeachtúlachta agus críochnúlachta ar na modhanna oibre trí an tairbhe is fearr a bhaint as gnéithe nua teicneolaíochta. Foráil do chóras cothabhála agus cúnta maidir leis na príomhchórais TE oibre (lena n-áirítear iHouse, iPlan, iReg, iDocs, Agresso, Office 365, an córas bainistíochta maidir le SF, Clár na gConarthaí etc.)	Straitéis Dhigiteach agus TEC an Rialtais Áitiúil in Éirinn 2024-2030; Rialtas Digiteach 2030	Cuspóir 2	Feidhmchláir oibre ar fáil 99.95% den am Próisis dhigiteacha nua oibre a thabhairt chun cinn ar mhaithe le breis éifeachtúlachta agus críochnúlachta	J03	Ar lean

ICT6	Cibears hlándáil	A bheith seasta ar an airdeall maidir le hionsaí cibearchoiriúlachta a bheith á dhéanamh níos minice ar chomhlachtaí san earnáil phoiblí	Straitéis Dhigiteach agus TEC an Rialtais Áitiúil in Éirinn 2024-2030; Rialtas Digiteach 2030; Treoirlínte an LNCS; Creat Slándála agus Faisnéise NIS2	Cuspóir 2	Cloí le Treoirlínte INCS Feabhas ar an Scór maidir le Bearta Rialála ISI Tástáil Treáite nach dtugann réimsí baoil chun suntais Réimsí baoil maidir le teicneolaíocht an 3ú páirtí a chumhdach de réir na dtráthchláir aontaithe (ag brath ar ghéire an cháis)	J03	Ar lean

14.3 **Airgeadas**

Tagairt:	Na Príomhsheirbhísí	Aidhm / Príomhbhearta Seirbhíse	Straitéis Déanamh Seirbhíse	Sprioc Ardleibhéil san PÁEP	Caighdeán Feidhmíochta	Rannóg Buiséid	Tráthchlár
FIN01	An leas is fearr a bhaint as acmhainní agus bainistíocht ina leith	Riarachán Éifeachtúil Críochnúil ar an bPróiseas Ceannacháin agus Íoca	Monatóireacht agus leasú ar na polasaithe agus na gnáis oibre maidir le soláthar agus ar phróisis taobh istigh den eagraíocht	Cathair cothromaíochta agus lánpháirtíochta Cathair sheasmhach inbhuanaithe	Próiseáil thráthúil agus íocaíocht shlán sábháilte de réir na rialacha le soláthraithe agus, maidir le cáin, leis na Coimisinéirí Ioncaim	J06	Go leanúnach i rith na bliana 2025
FIN02	Bailiú Ioncaim	Bailiúchán chomh maith agus is féidir ar an Ioncam ó na príomhfhoinsí (Rátaí, Cíosanna, Iasachtaí agus eile)	Cumarsáid chuí éifeachtúil le custaiméirí ar bhonn leanúnach. Roghanna breise maidir le modhanna íocaíochta ag an gcustaiméir	Cathair cothromaíochta agus lánpháirtíochta Cathair sheasmhach inbhuanaithe	Foilsíonn CNMI an % de na Rátaí, Cíosanna & Iasachtaí a Bhailítear gach bliain	J06	Go leanúnach i rith na bliana 2025
FIN03	Tuairisciú Airgeadais de réir na Reachtaí ochta	Tuairiscí Airgeadais a ullmhú agus a fhoilsiú gach ráithe chomh maith leis na Ráitis Airgeadais Bhliantúla a éilítear faoin reachtaíocht agus sin a dhéanamh de réir an Chóid Chleachtais agus na Spriocdhátaí faoin reachtaíocht	Bíonn sceidil mhionsonraithe oibre maidir le gnóthaí Airgeadais agus athbhreithniú leanúnach ar bhuiséid ina bhonn daingean faoin tuairisciú chruinn thráthúil. Déanann an tIniúchóir neamhspleách Rialtais Áitiúil an tuairisc bhliantúil iniúchóireachta a ullmhú gach bliain.	Cathair cothromaíochta agus lánpháirtíochta Cathair sheasmhach inbhuanaithe	Foilsíonn an CNMI Iarmhéid an Chuntais Ioncaim a fhoilsiú gach bliain	J06	Gach ráithe i rith na bliana 2025 agus an 31 Márta an spriocdháta gach bliain maidir leis na Ráitis Airgeadais Bhliantúla

Tagairt:	Na Príomhsheirbhísí	Aidhm / Príomhbhearta Seirbhíse	Straitéis Déanamh Seirbhíse	Sprioc Ardleibhéil san PÁEP	Caighdeán Feidhmíochta	Rannóg Buiséid	Tráthchlár
FIN04	An Próiseas Buiséid	Fachtóir coinbhéartachta maidir le Cáin Áitiúil Maoine a aontú. Buiséid Bhliantúla Reachtúla a ullmhú agus a fhoilsiú i gcomhairle leis an bpobal agus leis na gcomhaltaí tofa.	Clár oibre ordaithe maidir leis an mbuiséad bliantúil, lena n-áirítear comhairliúchán le Stiúrthóireachtaí eile agus buiséad comhardaithe a chur ar fáil lena ndéantar freastal do riachtanais na ngeallsealbhóirí uilig	Cathair cothromaíochta agus lánpháirtíochta Cathair sheasmhach inbhuanaithe	An próiseas ordaithe Buiséid agus na spriocdhátaí faoin reachtaíocht	J06	Tosaítear próiseas an Bhuiséid Bhliantúil i mí Lúnasa agus leanann go Samh/Noll
FIN05	Rialachas	Cuidiú maidir le Cúrsaí Rialachais go ginearálta i ndáil leis an gComhairle	A chinntiú go dtugtar na haidhmeanna Airgeadais i bhfeidhm, aidhmeanna a luaitear sa Phlean Corparáide san áireamh, trína lua sa Phlean Forbartha maidir leis an Meitheal Airgeadais	Cathair cothromaíochta agus lánpháirtíochta Cathair sheasmhach inbhuanaithe	Athbhreithniú gach ráithe ar an bPlean Forbartha maidir leis an Meitheal Airgeadais	J06	Go leanúnach i rith na bliana 2025

Teagmháil

Comhairle Cathrach na Gaillimhe,
Halla na Cathrach,
Bóthar an Choláiste, Gaillimh
H91 X4K8.

Ar an bhfón: +353 91 536400
www.galwaycity.ie

Comhairle Cathrach na Gaillimhe
Galway City Council